Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

Tionscadal Éireann
Project Ireland
2040

Arna chomhchistiú ag an Roinn Forbatha Tuaithe agus Pobail
Co-funded by the Department of Rural and Community Development

Ár dTodhchaí Tuaithe
Our Rural Future

Arna chomhchistiú ag an Aontas Eorpach
Co-funded by the European Union

Treoirlínte maidir le Tionscadail Oidhreachta faoi LEADER 2023-2027

Rialacha Oibriúcháin Chlár LEADER 2023 - 2027

Clár na nÁbhar

Clár na nÁbhar ..... **i**
1.0 RÉAMHRÁ **1**
1.1 Comhthéacs 1
1.2 Sainmhíniú ar thionscadal a théann i bhfeidhm ar an oidhreacht 2
1.3 Tionscadail Oidhreachta 2
1.3.1 Bearta Turasóireachta 2
1.3.2 Athnuachan agus Forbairt ar Shráidbhailte agus ar Cheantair Thuaithe 3
1.3.3 Obair Chaomhnúcháin agus Forfheabhsúcháin ar Ghnéithe Oidhreachta faoin Tuath 3
1.3.4 Bearta Maolúcháin agus Athchóirithe maidir leis an Athrú Aeráide 3
1.4 Tionscadail eile a bhaineann le cúrsaí oidhreachta 4
1.5 Tabhairt faoi thionscadal oidhreachta 5
2.0 PRIONSABAIL CHAOMHNÚCHÁIN **6**
2.1 Prionsabail éiceolaíochta 6
2.2 Prionsabail seandálaíochta 7
2.3 Prionsabail chaomhantais maidir le cúrsaí Ailtireachta 8
3.0 CÉIM AN RÉAMHULLMHÚCHÁIN **10**
3.1 Deimhníonn Seoltóir an Tionscadail ceisteanna maidir le húinéireacht 10
3.2 Deimhníonn Seoltóir an Tionscadail stádas an láithreáin maidir le cúrsaí oidhreachta 11
3.3 An Reachtaíocht maidir leis an Oidhreacht 11
3.3.1 An reachtaíocht maidir le caomhnú an dúlra 12
3.3.2 Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta 13
3.3.3 Na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt 14
3.4 Fostaíonn Seoltóir an Tionscadail comhairleoirí saineolais 15
3.4.1 Bainisteoir Tionscadail a cheapadh 15
3.4.2 Meitheal Tionscadail 17
3.4.3 Seandálaithe a cheapadh 18
3.4.4 Oibrithe oilte tógála a úsáid 19
4.0 SRIANTA A DHEIMHNIÚ **20**
4.1 Deimhníonn Meitheal an Tionscadail coinníollacha na n-údarás reachtúil 20
4.1.1 Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta 20
4.1.2 An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra 21
4.1.3 Na hÚdaráis Phleanála 22
4.1.4 Forbraíocht Dhíolmhaithe 23
4.2 Anailís agus Forbairt 25
4.2.1 Tionscadail mionoibreacha 26
4.2.2 Tosca gan choinne leo 26
5.0 TOGRA AN TIONSCADAIL A ULLMHÚ **27**
5.1 An Tionscadal Oidhreachta a Ullmhú 27

5.2 Ábhar an Iarratais maidir le Tionscadal Oidhreachta 27
5.2.1 Eolas bonnlíne 27
5.2.2 Measúnacht tionchair éiceolaíochta 27
5.2.3 Measúnacht agus scrúdú seandálaíochta 28
5.2.4 Anailís tar éis na tochailte 29
5.2.5 Measúnacht tionchair maidir leis an oidhreacht ailtireachta 29
5.2.6 Tuairiscíocht ar an Tionscadal Oidhreachta 30
5.2.7 Cur síos ar an obair 31
5.2.8 Plaiceanna poiblíochta agus comharthaí eile 32
5.2.9 Cúnamh comhchineáil 32
5.2.10 Cartlann an tionscadail 32
5.2.11 Foilsiú maidir leis an Tionscadal Oidhreachta 33
5.3 Gach toiliú agus cead is gá a fháil 33
5.4 Cur faoi bhráid an GÁG 33
5.4.1 Éileamh ar íocaíocht 33
6.0 DÉANAMH NA nOIBREACHA 34
6.1 Oibrithe oilte tógála a úsáid 34
6.2 Cigireacht ar an obair 34
6.3 Leasú le linn dhéanamh na hoibre 35
7.0 AN TIONSCADAL OIDHREACHTA A THABHAIRT CHUN CRÍCHE AGUS A MHEAS 36
7.1 Deimhniú na gcéimeanna éagsúla agus an tionscadail arna chríochnú 36
7.2 Cartlann an Tionscadail 36
7.3 Tionscadail mhírathúla 36
8.0 FOILSIÚ AGUS CRAOBHSCAOILEADH 38
9.0 Aguisíní 39
9.1 Aguisín A - Sonraí Comhfhreagrais Áisiúla 39
9.2 Aguisín B - Liosta seiceála maidir le hábhar an iarratais i ndáil le Tionscadal lena dtarlaíonn Tionchar ar an Oidhreacht 41

1.0 RÉAMHRÁ

1.1 Comhthéacs

Tá gnéithe foirgníochta den oidhreacht staire agus gnéithe nádúrtha den oidhreacht an dúlra inár dtimpeall i gcónaí. Tá an taobh tíre, na bailte móra agus na sráidbhailte breactha le fianaise ar an dream a chuaigh romhainn sna háiteanna seo agus ar an tionchar a bhí ag próisis nádúrtha agus ag oibriú an duine ar chruthú an taobh tíre mar atá anois. Bíonn an-tábhacht le séadchomharthaí agus le seanfhoirgnimh ag muintir na comharsanachta ina bhfuil siad. Ballaí sheanséipéal na meánaoise agus an reilig lena thaobh, an Teach Mór atá tréigthe agus an diméin a ghabh leis, an foirgneamh mórshuntais sa bhaile mór agus seanfhoirgnimh oidhreacht na tionsclaíochta, cuireann gnéithe mar sin le tuiscint an duine ar a áit féin. Bíonn seirbhísí bunriachtanacha éiceachórais á gcur ar fáil leis an timpeallacht nádúrtha a chothaíonn an pobal, chomh maith leis an taobh tíre agus an fiadhúlra a spreagann sinn agus a tharraingíonn cuairteoirí i bhfad is i ngearr. Tabhartas na staire an oidhreacht shaibhir foirgníochta agus dúlra seo agus tá de chúram ar mhuintir na linne seo an oidhreacht sin a thabhairt ar aghaidh do na glúnta atá le theacht.

Ní buan ná éideoranta mar acmhainn gnéithe na hoidhreachta. Má ligtear foirgneamh stairiúil nó láthair seandálaíochta amú, ní féidir a leithéid a chur ar ais ina ionad agus má ligtear i léig iad, is annamh is féidir iad a chur ar ais ina gceart go hiomlán. Ar an gcaoi chéanna, bíonn an dúlra i mbaol ó chineálacha éagsúla brú nó ó athrú ar úsáid talún agus tá aird go hidirnáisiúnta, go náisiúnta agus go logánta faoin tráth seo ar easpa ó thaobh na bithéagsúlachta. Mar a tharlaíonn, is féidir damáiste chomh mór céanna, nó níos measa, a dhéanamh le bearta místuama agus a tharlódh le neamhaird iomlán.

Is iomaí toradh chun sochair maidir le cúrsaí oidhreachta a bheidh ag tionscadal ach a bheith leagtha amach go maith agus faoi bhainistíocht stuama; fad a chur le ré déanmhais stairiúil, acmhainní seandálaíochta a chumhdach, láthair fiadhúlra a raibh damáiste tarlaithe dó a athchóiriú, ábhar mórtais a chur ar fáil maidir le hoidhreacht an cheantair, turasóirí agus daoine eile a tharraingt le cuairt a thabhairt ar bhealach inmharthana. Is den bhunriachtanas a chinntiú gur ar bhealach nach dtéann chun dochair don oidhreacht a dhéantar tionscadal de chineál ar bith a dtugtar ciste ina leith faoi LEADER.

Baineann na Coinníollacha Oibriúcháin seo le Seoltóirí Tionscadail agus Grúpaí Áitiúla Gníomhaíochta (GÁG) atá ag tabhairt faoi thionscadal a bhaineann leis an oidhreacht d'fhonn a chinntiú go bhfuil a leagtar de dhualgas agus de fhreagracht orthu i ndáil leis an oidhreacht á chomhlíonadh acu agus i gcomhréir leis na coinníollacha uile faoin reachtaíocht a bhaineann le hábhar. Beidh an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta fabhrach maidir le gach tionscadal oidhreachta atá leagtha amach go maith agus dea-riartha. Is ceart do ghrúpaí GÁG a bheith ar a n-aire faoin ngá le monatóireacht agus cigireacht bhreise nuair is tionscadal

oidhreachta atá i gceist ionas go gcinntítear na torthaí inmhianta a thabhairt i bhfeidhm agus na tionscadail a riar agus cistí a chur ar fáil i gcomhréir leis an reachtaíocht oidhreachta a bhaineann le hábhar. Tá de chúram ar an GÁG a chinntiú nach gcuirtear cistíocht ar fáil ach amháin do thionscadail atá ag teacht leis na Coinníollacha Oibriúcháin seo agus dóibh siúd a chloíonn leis an reachtaíocht náisiúnta a bhaineann le hábhar.

1.2 Sainmhíniú ar thionscadal a théann i bhfeidhm ar an oidhreacht

Maidir lena leagtar amach de Coinníollacha anseo, is é a thuigtear le tionscadal a théann i bhfeidhm ar an oidhreacht (ar a dtugtar 'Tionscadal Oidhreachta' i ndáil leis na Coinníollacha Oibriúcháin seo) tionscadal de chineál a mbeidh tionchar aige, nó a mbeadh i ndán go mbeadh tionchar aige, ar dhéanmhas, áit nó láithreán lena bhfuil tábhacht ó thaobh na hoidhreachta, lena n-áirítear:

1. Séadchomharthaí agus áiteanna atá faoi chosaint faoi Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta 1930 – 2004:
2. déanmhas cosanta, nó déanmhas cosanta beartaithe, de réir mar a mhínítear sin san Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000, arna leasú;
3. limistéar caomhantais ailtireachta de réir mar a mhínítear sin san Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000, arna leasú;
4. láithreán caomhantais dúlra atá faoi chosaint;
5. cur isteach ar speicis chosanta flóra agus fiadhúlra agus ar na gnáthóga atá fíorthábhachtach dóibh

1.3 Tionscadail Oidhreachta

Baineann na Coinníollacha Oibriúcháin seo le gach Tionscadal Oidhreachta de réir mar a thugtar sainmhíniú air sin thuas. Ba cheart, chomh maith leis sin, go ndéanfaí dá réir sa chás go bhféadfadh aon tionchar suntasach ar an oidhreacht foirgníochta nó ar an oidhreacht nádúrtha a theacht chun cinn, lena n-áirítear cineálacha nach luaitear go sonrach thuas.

Ar roinnt de na cineálacha tionscadail a bhféadfaí a mheas gur Tionscadail Oidhreachta iad, tá siad seo a leanas (cé nach liosta lánchuimsitheach seo):

1.3.1 Bearta Turasóireachta

- Obair chaomhnúcháin agus dheisiúcháin ar ghnéithe de leithéid réimsí iarnróid atá gan úsáid agus gnéithe gaolmhara, mar shampla droichid; cosán tarraingthe, loc agus tithe loic le canáil;

- Obair chaomhnúcháin, dheisiúcháin agus/nó athchóiriúcháin ar mhaithe le húsáid nua chuí as árais stairiúla, mar shampla, tithe, séipéil, foirgneamh feirme, teach geata, foirgnimh tionsclaíochta, sciobóil, stáblaí;
- Bealaí siúlóide nó rothaíochta, agus áiseanna nó gnéithe infreastruchtúir ar bith eile maidir le taitneamhacht agus caitheamh aimsire a chur ar fáil, nó obair feabhsúcháin nó cothabhála a dhéanamh orthu.

1.3.2 Athnuachan agus Forbairt ar Shráidbhailte agus ar Cheantair Thuaithe

- Tionscadail a bhfuil cúrsaí oidhreachta chun tosaigh iontu maidir le hathnuachan ar bhailte móra agus ar shráidbhailte;
- Athchóiriú ar fhoirgnimh stairiúla ar mhaithe le hathúsáid;
- Obair chaomhnúcháin agus dheisiúcháin ar sheanbhallaí séipéil, ar mhásailéim, ar reiligí agus ar bhallaí teorann reilige;
- Obair chaomhnúcháin agus dheisiúcháin ar ghnéithe den fhoirgníocht shuntais i mbailte móra agus i sráidbhailte nó amuigh faoin tír, mar shampla, bréagfhoirgníocht, gnéithe mealltacha, colmlanna nó gnéithe den oidhreacht tionsclaíochta, mar shampla, tiníl, muileann, garraí daingean, gairdín ornáideach nó diméin;
- Obair chaomhnúcháin agus dheisiúcháin ar ghnéithe stairiúla sna sráideanna, mar shampla pábháil, céimeanna, cuaillí solais, scairdeáin, dealbha;
- Obair forfheabhsúcháin ar pháirceanna agus ar bhealaí siúlóide.

1.3.3 Obair Chaomhnúcháin agus Forfheabhsúcháin ar Ghnéithe Oidhreachta faoin Tuath

- Obair chaomhnúcháin agus dheisiúcháin ar bhallaí diméine, ar bhallaí teorann, ar bhallaí cloiche;
- Cúnamh taca le seanábhar traidisiúnta tógála a chur ar fáil, mar shampla tuí, cloch, slinnte, brící, aol, iarann;
- Athchóiriú gnáthóige nó tionscadail d'fhonn feabhas a chur ar an mbithéagsúlacht;
- Feabhas ó thaobh bealach níos furasta, ar mhaithe le húsáid taitneamhachta, chuig réimsí uisce intíre nó le cósta agus chuig ceantair eile bithéagsúlachta.

1.3.4 Bearta Maolúcháin agus Athchóirithe maidir leis an Athrú Aeráide

- Forfheabhsú ó thaobh éifeachtúlacht fuinnimh ar fhoirgnimh thraidisiúnta i gcomhréir leis an sárchleachtas caomhnúcháin maidir leis an ailtireacht;
- Obair d'fhonn cur le seasmhacht gnéithe den oidhreacht foirgníochta faoin tuath (oidhreacht seandálaíochta nó ailtireachta) i gcoinne an athraithe aeráide, obair chothabhála réamhbheartach nó obair dheisiúcháin;
- Cosaint, tuairiscíocht agus/nó tarrtháil ar láithreacha oidhreachta a bheadh i mbaol;
- Tionscnaimh maidir le fuinneamh inathnuaite.

1.4 Tionscadail eile a bhaineann le cúrsaí oidhreachta

Tá na Coinníollacha sa cháipéis seo dírithe ar thionscadail ag a mbeadh tionchar ar struchtúr, láithreán, áit, speiceas nó gnáthóg lena mbaineann suntas ó thaobh na hoidhreachta; áirítear leis sin tionchar díreach nó tionchar indíreach a thiocfadh i gceist, mar shampla, trí thionscadal a bheith ar siúl in aice le láthair atá tábhachtach don fhiadhúlra agus a bhféadfadh go dtarlódh dochar don láthair mar gheall ar chur isteach ar chaighdeán an uisce, torann/cur isteach eile ar speiceas cosanta. D'fhéadfadh, os a choinne sin, go mbeadh cúnamh eile ar fáil a bhféadfaí leas a bhaint as ar mhaithe le caomhnú, cosaint agus tuiscint na hoidhreachta. Faoi na cláir a chuaigh roimhe seo, baineadh úsáid go fónta as cistí chun cuidiú le himeachtaí agus ócáidí trínar cothaíodh aird agus tuiscint ar an oidhreacht, trínar tugadh faoi obair taighde, agus trínar cuireadh caomhnú na hoidhreachta agus foghlaim scileanna traidisiúnta tógála chun cinn. D'áireofaí ar chineálacha eile tionscadail den sórt sin:

- Scrúdú seandálaíochta neamhionrach, mar shampla suirbhéireacht geoifisice;
- Suirbhéireacht agus taifeadadh maidir leis an oidhreacht foirgníochta, mar shampla suirbhéireacht LiDAR, léasair, tomhais nó grianghrafadóireachta;
- Taighde staire;
- Seirbhís bolscaireachta/faisnéise ar an ngréasán, maidir le láithreacha oidhreachta sa cheantar a bhfuil dul isteach chucu ag an bpobal;
- Bolscaireacht ar an ngréasán faoi thorthaí taighde agus faoi fhaisnéis eile maidir le láithreacha oidhreachta sa cheantar;
- Íomhánna cartlainne, grianghraif, portráidí a bhaineann le láthair oidhreachta nó le himeachtaí staire a thiomsú, a thuairisciú agus a fhoilsiú;
- Tuairiscíocht ar obair ceardaíochta agus dearthóireachta na linne seo agus na haimsire a caitheadh;
- Tuairiscíocht agus mapáil maidir le reiligí ar choinníoll nach dtarlaíonn bearta fisiciúla ina leith sin.

Níl na coinníollacha seo i bhfeidhm sa chás nach dtagann dul isteach go fisiciúil ar an láthair i gceist le tionscadal taighde a bhaineann le cúrsaí oidhreachta, ach is ceart a thabhairt chun aire go bhféadfadh coinníollacha maidir le ceadúnais a theacht i gceist ina dhiaidh sin maidir leis an bhfiadhúlra, e.g. dá bhféadfadh cur isteach ar speiceas cosanta a theacht i gceist nó má tá rún giranghrafadóireacht nó scannánaíocht a dhéanamh ar ainmhí nó ar éan fiáin.

Is ceart a thabhairt chun aire nach ceart, gan dul i gcomhairle roimh ré le Stiúrthóir Ard-Mhúsaem na hÉireann, tabhairt faoi obair chaomhnúcháin ar ghnéithe nó nithe seandálaíochta.

1.5 Tabhairt faoi thionscadal oidhreachta

Leagtar amach sna Coinníollacha Oibriúcháin seo próiseas lena mbaineann seacht gcéim i ndáil le Tionscadal Oidhreachta a eagrú agus a chur i gcrích. Go hachomair, is iad na céimeanna sin:

1. Réamhullmhúchán
2. Na Srianta a thabhairt chun Suntais
3. An Tionscadal Oidhreachta a Ullmhú
4. Athbhreithniú Oidhreachta
5. Déanamh na hOibre
6. Críochnú an Tionscadail agus Measúnú
7. Foilsiú agus Craobhscaoileadh Faisnéise

2.0 PRIONSABAIL CHAOMHNÚCHÁIN

2.1 Prionsabail éiceolaíochta

Ba cheart go gcoinneodh Tionscadail Oidhreachta leis an sárchleachtas maidir le caomhnú, cosaint agus forfheabhsú na hoidhreachta nádúrtha agus na bithéagsúlachta. Is é ba cheart a bheith de chuspóir, nuair a bhítear ag smaoineamh ar thionscadal ar bith, gach damáiste éiceolaíochta a sheachaint más féidir sin ar chor ar bith, damáiste san áireamh de chineál a d'eascródh ó thionscadail forfheabhsúcháin nach dea-dhearthóireacht a thabharfaí orthu. Sa chás nach féidir damáiste a sheachaint go hiomlán, is ceart maolú a dhéanamh ar aon damáiste a tharlódh. Níor cheart bearta cúitimh a thabhairt san áireamh, ach amháin mar bheart in am na héigne.

Is ceart comhairle saineolais faoi chúrsaí éiceolaíochta, atá in oiriúint don tionscadal agus do chineál an tsuímh, do na gnéithe éiceolaíochta agus do na gnéithe is mó a bheadh faoi bhagairt, a lorg i bhfíorthús na beartaíochta d'fhonn a chinntiú go dtugtar gach srian agus gach coinníoll faoin dlí san áireamh leis an bpleanáil agus leis an dearthóireacht ar an tionscadal. D'fhéadfadh go dtiocfadh i gceist leis sin gur ghá do shaineolaithe suirbhéireacht a dhéanamh maidir le gnáthóg nó speiceas agus gur ghá a leagan amach suirbhéanna a dhéanamh aon séasúr amháin den bhliain, nó séasúir éagsúla, agus suirbhéanna a dhéanamh na tráthanna céanna go ceann roinnt blianta, agus/nó gur ghá srianta séasúracha a chur i bhfeidhm i ndáil le gnéithe áirithe den obair, e.g. nach ndéanfaí i rith shéasúr an ghoir nó le linn codladh geimhridh. Ba cheart comhairle ó shaineolaithe éiceolaíochta a lorg freisin i ndáil le hathchóiriú gnáthóige nó obair forfheabhsúcháin ar shuíomh, le modhanna oiriúnacha suirbhéireachta agus taighde, agus le bearta tairbheacha bithéagsúlachta eile. Ag brath ar chineál an tionscadail, d'fhéadfadh gur ghá comhairle éiceolaíochta a fháil ó shaineolaithe éagsúla maidir le réimsí faoi leith. D'fhéadfadh gá a bheith le comhairle saineolais de chineálacha eile freisin, e.g. i ndáil le cúrsaí hidreolaíochta nó hidrigeolaíocht, agus ní mór do na saineolaithe oibriú le chéile ar bhealach slánchóirithe ionas go gcinntítear dea-leagan amach ar thionscadal ciallmhar, i.e. d'fhonn a chinntiú nach dtarlaíonn an chomhairle maidir le gné amháin den tionscadal ag teacht salach nó trasna ar an gcomhairle i ndáil le gné eile.

Go ginearálta:

- Is ceart réimsí nádúrtha nó leathnádúrtha a fhágáil chomh slán nádúrtha agus is féidir;
- Cuirtear 'bonneagar glas' chun cinn agus cumhdaítear craobhchórais agus conairí éiceolaíochta, le haird faoi leith ar an ról atá leo sin i ndáil le bonn treise a choinneáil faoin bhfiadhúlra agus faoi sheirbhísí buntábhachta an éiceachórais, e.g. maidir le spás a chur ar fáil do thuilte a tharlaíonn go nádúrtha;

- Is ceart tionscadail a phleanáil agus a leagan amach sa chaoi is go dtagann siad leis an taobh tíre nádúrtha;
- Más féidir é, is ceart díriú ar réimsí lena mbaineann fiúntas íseal bithéagsúlachta, seachas fiúntas meánleibhéil nó ardleibhéil, do thionscadail taitneamhachta, mar shampla, páirceanna, cosáin nó slite rothaíochta. Ba cheart crainn, toim nó bláthanna fiáine dúchais, a bhaineann leis an gceantar, a chur leo sin mar bheart forfheabhsúcháin, nó bearta eile ar mhaithe le forfheabhsú na bithéagsúlachta a thabhairt i gcrích. Tiocfaidh sochar ó thaobh na bithéagsúlachta de thoradh air sin, in ionad torthaí éagsúla chun dochair;
- Is ceart smaoineamh ar roghanna lena mbaineann féinchothabháil agus nach gá ach an cúram bainistíochta is lú ina leith, e.g. bánta bláthanna fiáine de rogha ar fhaiche mionchóirithe;
- Baintear leas as speicis dhúchais atá oiriúnach don cheantar agus do thalamh na háite;
- Tugtar chun aire gur féidir cur isteach ar an bhfiadhúlra le soilse, torann agus daoine (agus a gcuid madraí), agus gur gá cur isteach den sórt sin a thabhairt san áireamh le measúnacht tionchair éiceolaíochta
- Ní mór tionchar a d'eascródh ó ré na hoibre a thabhairt faoi mheas chomh maith i ndáil le tionscadal, chomh maith le ré na tógála/feistithe agus dífheistithe (má bhaineann le hábhar).

2.2 Prionsabail seandálaíochta

Is ceart go gcloífeadh Tionscadail Oidhreachta leis an sárchleachtas maidir leis an oidhreacht seandálaíochta a chumhdach agus a chaomhnú. Ba chóir do Sheoltóirí Tionscadail agus do ghrúpaí GÁG a thabhairt chun aire:

- Gur acmhainn an oidhreacht seandálaíochta nach féidir a athchruthú;
- Gurb é an chéad rogha i ngach cás iniúchadh agus scrúdú a dhéanamh nach dtarlaíonn aon scrios leis;
- Gur cheart i gcónaí a bheith claonta i bhfabhar tionchar forbraíochta ar an oidhreacht seandálaíochta a sheachaint;
- Go bhfuil buntábhacht le Measúnacht Seandálaíochta maidir le hoidhreacht seandálaíochta an tséadchomhartha nó an déanmhais a thuiscint agus le haon tionchar ionchais ar an oidhreacht sin a thabhairt chun suntais.

Is ceart d'aon duine a bheartaíonn obair ag séadchomhartha nó áit atá cosanta faoi réir Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta1930-2004, i ndáil le séadchomhartha nó áit den sórt sin nó i ngar do cheann, a bheith ar an eolas faoi na bunphrionsabail a bhaineann le cumhdach agus bainistíocht i ndáil leis an oidhreacht seandálaíochta faoi mar a leagtar amach i gcáipéis bheartas

an stáit *Framework and Principles for the Protection of the Archaeological Heritage (Rialtas na hÉireann, 1999)*. Tá comhairle agus treoir fhiúntach ar fáil freisin do dhuine ar bith ag a mbeadh obair á beartú ar láithreán gréasáin na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta: https://www.gov.ie/en/organisation/department-of-housing-local-government-and-heritage/

2.3 Prionsabail chaomhantais maidir le cúrsaí Ailtireachta

Cloífidh tionscadail chuí leis an sárchleachtas maidir leis an oidhreacht foirgníochta a chaomhnú. Tá prionsabail éagsúla chaomhantais a bhfuil glacadh go hidirnáisiúnta leo agus is ceart go ndéanfaí dá réir sin i ndáil le haon tionscadal inghlactha. Áirítear orthu seo:

- Níor cheart ach an cur isteach is lú a dhéanamh ar chreatlach stairiúil an fhoirgnimh;
- Is ceart gnéithe atá imithe ar gcúl nó gnéithe den struchtúr a dheisiú seachas gnéithe nua a chur ina n-áit;
- Níor cheart athchóiriú a dhéanamh bunaithe ar bhuille faoi thuairim. D'fhéadfadh gur ceadmhach obair athchóiriúcháin a dhéanamh nuair atá dóthain fianaise ar fáil, ar an láthair nó i gcáipéisí, le bonn daingean a chur faoin mbeartaíocht sin agus nuair atá cúis thábhachtach (ó thaobh cúrsaí struchtúir, aeistéitice nó ailtireachta) le hathchóiriú a dhéanamh;
- Is ceart comhairle saineolais maidir le cúrsaí caomhantais a fhostú ó fhíorthús an tionscadail ionas go gcinntítear go ndéantar tograí a leagan amach mar is cuí. Ba cheart go mbeadh baint go leanúnach ag saineolaithe leis an mbainistíocht ar an obair agus le maoirseacht an tsuímh trí oibrithe oilte le taithí a úsáid a bhfuil maoirseacht chuí leordhóthanach á dhéanamh orthu;
- Níor cheart úsáid a bhaint as modh oibre ná as ábhar nach bhfuil cruthúnas, mar gheall ar dhea-thoradh le tamall maith fada, ar bheith cóiriúil fónta. Sula dtugtar ábhar nua de chineál ar bith isteach i bhfoirgneamh stairiúil, is ceart cruthúnas a thabhairt gurb é an dea-thoradh a bhíonn air sin (is é is fearr sin a léiriú maidir le húsáid in Éirinn le 25 bliana nó níos faide), teist a bheith ar fáil gur toradh fónta a bhíonn ar a úsáid, agus teist chomh maith nach dtarlaíonn aon toradh damáisteach maidir leis an gcreatlach stairiúil foirgníochta;
- Ba cheart, más féidir é, go mbeadh aon athrú a dhéanfaí sa chaoi agus gur féidir é a athrú ar ais go furasta ionas gur féidir i gcónaí aon deacracht nach bhfeictear faoi láthair a chur ina cheart arís san am atá romhainn gan aon damáiste do chreatlach fhoirgneamh nó áit oidhreachta;
- Ba cheart go mbeadh gealltanas ar fáil maidir le hobair chothabhála go rialta agus go leanúnach agus le caoi mhaith a choinneáil ar an bhfoirgneamh nó ar an láithreán.

Maidir le treoir bhreise faoi na prionsabail a bhaineann leis an oidhreacht ailtireachta a chaomhnú, tá treoirlínte reachtúla faoin teideal *Architectural Heritage Protection - guidelines for planning authorities* (2011) ar fáil le híoslódáil ó láithreán gréasáin na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta.

3.0 CÉIM AN RÉAMHULLMHÚCHÁIN

An tráth seo den obair, bíonn ceithre cinn de phríomhchúraimí le cur de ag Seoltóir an Tionscadail:

- Tús a chur leis an gcaidreamh leis an GÁG, trí Léiriú Spéise a chur faoi bhráid, ionas go ndeimhnítear gur tionscadal inghlactha a bheadh ann, go bpléitear riachtanais cistíochta, Coinníollacha Oibriúcháin, agus a leithéid;
- Úinéirí an láithreáin a dheimhniú agus toiliú na n-úinéirí leis an tionscadal a fháil;
- A dheimhniú an bhféadfadh nó nach bhféadfadh go mbeadh tionchar ar ghnéithe oidhreachta trína dhearbhú:
    - an dtarlaíonn ainmniúchán oidhreachta ar bith ceangailte leis an láithreán
    - sa chás nach bhfuil aon ainmniúchán i gceist, an dtarlaíonn comhartha eile i gceist go bhfuil tábhacht leis an láithreán ó thaobh cúrsaí oidhreachta (e.g. gnáthóg ag speiceas cosanta, mar shampla fara ialtóg)
    - an dtarlódh cur isteach ar réimsí eile tíre gar do láthair nó cur isteach réamhtheachtach nó iartheachtach
    - an dtarlódh cur isteach i réimsí eile tíre a bhfuil tábhacht leo ó thaobh na bithéagsúlachta de, fiú má tá siad i bhfad ó bhaile, mar gheall ar thionchar a d'eascródh ón tionscadal
    - An chomhairleoireacht saineolais is gá a fhostú trí Mheitheal Tionscadail a chur le chéile agus Bainisteoir Tionscadail a cheapadh atá inniúil ar Thionscadal Oidhreachta a eagrú. Is é is dóiche go mbeidh gá le comhairle saineolais chun tuiscint a chothú ar na bealaí ina bhféadfadh an tionscadal tionchar a imirt ar ghnéithe oidhreachta. Braitheann scóip na comhairle saineolais a bhíonn de dhíth ar chineál an tionscadail agus ar an gcur isteach a d'fhéadfadh tarlú maidir leis an láthair atá i gceist.

3.1 Deimhníonn Seoltóir an Tionscadail ceisteanna maidir le húinéireacht

Ní mór do dhream ar bith a mbeadh tionscadal á bheartú acu agus a bheadh ag smaoineamh ar Thionscadal a Sheoladh úinéireacht faoin dlí aon déanmhas nó láithreán a bhaineann le hábhar a dheimhniú. Ní mór, go háirithe, na daoine nó na heagrais sin a thabhairt chun suntais a bhfuil leas den sórt sin acu faoin dlí sa talamh ar a bhfuil an láithreán suite a d'fhágfadh i dteideal iad cead a thabhairt dul isteach ar an talamh agus an obair atá beartaithe a chur i gcrích. Is ceart a thabhairt chun aire go bhféadfadh leas den sórt sin faoin dlí a bheith i gcomhpháirt ag níos mó ná aon pháirtí amháin. Ba cheart dul i gcomhairle freisin le gach léasaí, scairshealbhóir agus áitritheoir.

Tar éis na daoine nó na comhlachtaí cuí a thabhairt chun suntais, ní mór a gcead a fháil ós dócha gur gníomh foghla nó fiú cion coiriúil, lena mbainfeadh cúiteamh tromchúiseach faoin dlí, a bheadh i ndul isteach ar an talamh gan cead mar sin a fháil agus an obair a dhéanamh. Ní mór a thuiscint

nach bhfágann cead nó toiliú i leith na hoibre ó aon chomhlacht reachtúil a bhaineann le hábhar nach gá cead a fháil ó úinéir nó úinéirí na talún.

Ní féidir róbhéim a leagan ar an gcomhairle nach ceart talamh slán a dhéanamh de bharúil maidir le húinéireacht faoin dlí ná de bharúil go mbeidh cead ar fáil. Mar shampla, sa chás gur seanreilig atá i gceist (go háirithe mura bhfuil séipéal buailte uirthi atá in úsáid faoi láthair), ní dócha gur faoi úinéireacht lucht na heaglaise go háitiúil atá sin. Go deimhin, is iondúil gur faoi úinéireacht an údaráis áitiúil a bhíonn láthair den sórt sin. Réamhbharúil eile nach ceart géilleadh dó gurb é an chaoi nach bhfuil an talamh atá i gceist faoi úinéireacht ag duine ná dream ar bith ar an gcuntar amháin nach bhfuil an talamh cláraithe leis an Údarás Clárúcháin Maoine (Clárlann na Talún mar a bhíodh). Níl gach gabháltas talún cláraithe leis an Údarás Clárúcháin Maoine. Go deimhin, is é is dócha nach mbeadh seanreilig cláraithe ar an gcaoi sin. Cé gur iondúil gabháltais feirmeoireachta cláraithe, ní tharlaíonn gur mar sin i ngach uile cás agus is rímhinic nach mbíonn réimsí talún i mbailte móra cláraithe. D'fhéadfadh freisin gur talamh i gcoimíneacht an talamh a bhaineann le hábhar ionas go mbeadh nó go mbeidh cead chuid mhór daoine (páirtithe coimíneachta) de dhíth.

3.2 Deimhníonn Seoltóir an Tionscadail stádas an láithreáin maidir le cúrsaí oidhreachta

Ar an gcéad bheart eile atá le déanamh, ní mór do Sheoltóir an Tionscadail a a fháil amach an bhfuil aon chuid den séadchomhartha, den déanmhas nó de láthair an tionscadail cosanta faoin reachtaíocht agus an bhféadfadh aon tionchar ionchais a bheith ar dhéanmhais, ar áiteanna nó ar láithreáin a bhfuil tábhacht leo ó thaobh na hoidhreachta. Mar a luaitear thuas, d'fhéadfadh réimsí talún taobh amuigh de láthair an tionscadail a bheith san áireamh leis seo, réimsí cóngaracha, réimsí ina dtarlódh tionchar iartheachtach, agus mar sin de. Tagann a leithéid sin i gceist go háirithe i ndáil leis an bhfiadhúlra agus ní mór cineálacha an tionchair a eascróidh mar gheall ar an tionscadal a mheas go cúramach, faoi anáil saineolais chuí éiceolaíochta agus eile, chomh maith le forleithne an tionchair agus a shoghonta atá gnéithe éagsúla éiceolaíochta laistigh de réimse iomlán an tionchair ionchais.

3.3 An Reachtaíocht maidir leis an Oidhreacht

Tugtar cuntas achoimre faoin reachtaíocht a bhaineann le cosaint na hoidhreachta thíos.

NÓTA: níl le tuiscint ó na Coinníollacha Oibriúcháin seo go mbeadh léirmhíniú á thabhairt ar Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta, ar na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt, ar na

Treoracha agus Rialacháin maidir le hÉin agus le Gnáthóga, na hAchtanna um Fhiadhúlra, ná aon chuid eile den reachtaíocht a d'fhéadfadh baint le hábhar. Ní cuntas uileghabhálach é ach oiread ar na forálacha reachtacha uile a d'fhéadfadh a bheith i bhfeidhm. Ní mór do na Seoltóirí Tionscadail agus do na Bainisteoirí Tionscadail córas díchill chuí a chur i bhfeidhm ionas go gcinntítear go bhfaightear gach toiliú, ceadúnas, etc. is gá agus go ndéantar dá réir.

3.3.1 An reachtaíocht maidir le caomhnú an dúlra

Déantar, faoi Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Éin agus Gnáthóga Nádúrtha), 2011 agus/nó na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt, mar a mhínítear thuas, cosaint a chur ar fáil maidir le láithreáin Eorpacha, ar a n-áirítear Limistéir faoi Chaomhnú Speisialta (LCS) agus Limistéir faoi Chosaint Speisialta (SPA) nó limistéir ionchais, agus bíonn gá le 'measúnacht chuí' a dhéanamh sa chás go bhféadfadh tionchar suntasach a bheith ag plean nó tionscadal, as féin nó i gcumasc le plean(anna) nó tionscada(i)l eile ar láithreán Eorpacha i bhfianaise a bhfuil d'aidhmeanna caomhantais i gceist leis. Nóta: leanann an gá le scagthástáil maidir le measúnacht chuí nó le measúnacht chuí féin maidir le tionscadail taobh amuigh de láithreán Eorpach. Sa chás nach gá cead pleanála, d'fhéadfadh gá a bheith le toiliú an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta má tá obair le déanamh i láithreán Eorpach a bhféadfadh damáiste nó cur isteach a theacht dá bharr. Tugtar chun aire, cé go dtiocfadh imscrúdú cunórach ar láithreán nó tástáil seandálaíochta faoi scáth na n-aicmí forbraíochta a bhfuil díolúine ina leith, gur dócha go mbeadh cead pleanála de dhíth sa chás gur ar láithreán Eorpach atá tionscadal á chur i bhfeidhm nó sa chás go bhféadfadh tionchar ar láithreán Eorpach a theacht chun cinn. D'fhéadfadh go mbeadh toiliú ó Aire eile Rialtais de dhíth maidir le hobair in abhainn nó le hobair lena dtarlódh cur isteach ar speicis áirithe éisc.

Tugtar cosaint dhian freisin faoi na Rialacháin maidir le hÉin agus maidir le Gnáthóga Nádúrtha do speicis áirithe flóra agus fiadhúlra (speicis Iarscríbhinn IV) agus is coir atá ann cur isteach ar aon cheann de na speicis sin ná ar a gcuid réimsí goir nó cónaí gan ceadúnas maolúcháin ina leith sin ón Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta. Tagann an ialtóg go mór i gceist sa chomhthéacs seo ós coitianta fara, pórú agus codladh geimhridh á dhéanamh ag an ialtóg i seanfhoirgnimh agus i ndéanmhais de chineálacha eile.

Cuirtear cosaint ar fáil faoi na hAchtanna um Fhiadhúlra agus/nó na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt maidir le Limistéir Oidhreachta Nádúrtha (LON) agus le láithreáin eile, mar shampla Anaclanna Dúlra agus Tearmann Fauna. Chomh maith leis sin, tá cosaint ag éin fhiáine agus speicis eile flóra agus fiadhúlra faoi na hAchtanna um Fhiadhúlra. Bíonn gá le ceadúnas ón Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta chun tabhairt faoi bhearta áirithe, ina measc beartaíocht lena dtarlódh cur isteach ar speicis chosanta agus ar na gnáthóga príomhthábhachtacha ina leith (agus chun grianghrafadóireacht nó scannánaíocht a dhéanamh).

Tá breis eolais faoi thoiliú nó faoi cheadúnas de chineálacha éagsúla, arna n-eisiúint ag an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, ar fáil ar láithreán gréasáin Sheirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra na Roinne[1].

3.3.2 Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta

Is féidir le déanmhas, séadchomhartha nó áit a bheith faoi chosaint faoi Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta ar bhealach amháin nó ar bhealaí éagsúla, mar seo a leanas:

(a) Toisc gur séadchomhartha náisiúnta atá ann atá faoi úinéireacht nó faoi chaomhnóireacht an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta nó údaráis áitiúil nó faoi réir ag ordú caomhantais (i.e. séadchomhartha náisiúnta);
(b) Toisc gur séadchomhartha nó réimse talún atá ann atá ar Chlár na Séadchomharthaí Stairiúla (i.e. séadchomhartha cláraithe);
(c) Toisc gur séadchomhartha atá ann a luaitear sa Taifead ar Shéadchomharthaí agus Áiteanna (i.e. séadchomhartha taifeadta).

Tabhair ar Aird: Déantar gach séadchomhartha a áirítear faoi (a) agus (b) a lua chomh maith sa Taifead ar Shéadchomharthaí agus Áiteanna faoi (c) thuas ach amháin sa chás gur ó foilsíodh an Taifead ar Shéadchomharthaí agus Áiteanna don chontae lena mbaineann a tugadh an séadchomhartha chun suntais.

Is í an fhoráil maidir leis an Taifead ar Shéadchomharthaí agus Áiteanna (TSÁ) an fhoráil is coitianta a mbíonn feidhm léi faoi Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta. Bíonn liosta de shéadchomharthaí agus d'áiteanna taifeadta i gceist leis chomh maith le mapaí ar a léirítear séadchomharthaí agus áiteanna den sórt sin i ndáil le gach contae faoi seach. Is féidir a cheadú i leabharlanna contae agus i bpríomhoifigí údaráis áitiúil nó is féidir a bhreathnú agus a íoslódáil ó www.archaeology.ie.

Cuirfidh Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta sa Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta comhairle faoin gcosaint atá i bhfeidhm maidir le haon séadchomhartha nó áit ar leith faoi Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta de bhíthin a bheith luaite sa Taifead ar Shéadchomharthaí agus Áiteanna agus is ceart dul i gcomhairle leis an tSeirbhís má tá éiginnteacht ar bith i gceist maidir le stádas láithreach. D'fhéadfadh go ndéanfaí tairbhe maidir le seiceáil an dócha cosaint faoin dlí i bhfeidhm faoi Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta i ndáil le séadchomhartha nó áit an fhaisnéis atá ar fáil ar *Bhunachar Sonraí an tSuirbhé Seandálaíochta* a scrúdú ar laithreán gréasáin Sheirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta (www.archaeology.ie),

[1] Gíomhartha ar gá Fógra ina leith agus Bearta ar gá Toiliú leo: http://www.npws.ie/farmers-and-landowners/notifiable-actions agus Ceadúnais: http://www.npws.ie/licences

ach ní ceart a cheapadh go bhfuil an fhaisnéis sin iomlán cuimsitheach. Dá réir sin, is iad liostaí agus mapaí TSÁ, faoi mar a luaitear thuas, ar ceart feidhm a bhaint astu.

3.3.3 Na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt

Cuirtear cosaint ar fáil ar bhealaí éagsúla faoi na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt do ghnéithe éagsúla den oidhreacht, na réimsí seo a leanas san áireamh:

Cúrsaí Dúlra:

Tugtar cosaint ar bhealaí éagsúla mar chuid dílis de na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt maidir le caomhnú an dúlra, mar shampla leis an gcoinníoll gur gá Measúnacht Tionchair Timpeallachta i ndáil le tionscadail áirithe, agus na coinníollacha gur gá Measúnacht Chuí, de bhun Airteagal 6(3) sa Treoir um Ghnáthóga, i ndáil le plean úsáid talún nó le forbraíocht a bhféadfadh cur isteach suntasach ar láithreán Eorpach a theacht dá thoradh. Tá tábhacht faoi leith le Cuid X agus le Cuid XAB ina leith seo. Ní mór, maidir le Ráiteas Tionchair Natura (i ndáil le hobair forbraíochta go hiondúil) nó maidir le Tuarascáil Tionchair Natura (i ndáil le plean maidir le húsáid talún go hiondúil), agus maidir le Measúnacht Chuí, an tionchar ar Limistéar faoi Chosaint Speisialta nó ar Limistéar faoi Chaomhnú Speisialta a thabhairt san áireamh, sa chás go dtarlódh tionchar den sórt sin, nó go bhféadfadh sin tarlú.

D'fhéadfaí an stádas díolmhaithe maidir le forbraíocht de chineál díolmhaithe a chur ar neamhní má tharlaíonn, i measc nithe eile, go bhfuil Measúnacht Tionchair Timpeallachta nó Measúnacht Chuí de dhíth. Moltar do Sheoltóirí Tionscadail agus do ghrúpaí GÁG aird faoi leith a bheith acu ar chásanna ina dtarlaíonn díolmhú ar neamhní ós mór a chuirfidh sin isteach ar chineálacha na gceadanna is gá a fháil agus na measúnachta is gá a dhéanamh agus a chur ar fáil leis an iarratas maidir le tionscadal. Moltar freisin a léiriú go bhfuiltear ag cloí leis na Coinníollacha Oibriúcháin Oidhreachta.

Cúrsaí Seandálaíochta:

Leagtar tábhacht ar oidhreacht ailtireachta na hÉireann a chosaint le pleanáil stuama agus forbraíocht inmharthana sna hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt. Is féidir coinníollacha, a bhaineann le gnéithe seandálaíochta a chosaint, a cheangal le cead pleanála de réir mar is cuí. D'fhéadfadh freisin aidhmeanna maidir leis an oidhreacht ailtireachta a chumhdach a bheith mar chuid de Phlean Forbartha. Tá obair de chineálacha áirithe nach measfar gur forbraíocht de chineál díolmhaithe atá ann más láthair ina bhfuil séadchomhartha seandálaíochta, nó atá ceangailte le séadchomhartha seandálaíochta, atá i gceist. Tá eolas níos mine ar fáil i mbileog dár teideal “Archaeology in the Planning Process” is féidir a íoslódáil ó www.archaeology.ie.

An Oidhreacht Ailtireachta:

Faoi na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt go ginearálta a fhoráiltear do chosaint don oidhreacht ailtireachta. Bíonn déanmhas faoi chosaint ach a lua i dTaifead na nDéanmhas Cosanta

(TDC) nó a bheith suite laistigh de Limistéar Caomhantais Ailtireachta (LCA) arna ainmniú ag údarás áitiúil faoi leith. Tugtar an TDC mionsonraí faoi limistéir LCA san áireamh leis an bplean forbartha agus is iondúil go mbíonn siad ar fáil ar an láithreán gréasáin ag an údarás áitiúil lena mbaineann. D'fhéadfaí, de rogha air sin, cóip den phlean forbartha áitiúil a scrúdú nó a cheannach ón údarás áitiúil.

Sa chás gur déanmhas cosanta atá i bhfoirgneamh (nó go bhfuiltear ag beartú déanmhas cosanta a dhéanamh as) nó go bhfuil an foirgneamh suite laistigh de LCA, d'fhéadfadh nach mbeadh feidhm le gnáthdhíolúine ó choinníollacha áirithe maidir le cead pleanála. Bíonn gá, i ndáil le déanmhas cosanta nó déanmhas cosanta beartaithe, le cead pleanála d'obair de chineál ar bith, laistigh nó lasmuigh, a mbeadh cur isteach ábhartha dá thoradh ar dhreach an fhoirgnimh. Tá cosaint faoin dlí freisin ag déanmhais agus gnéithe eile laistigh de chúirtealáiste dhéanmhais chosanta nó dhéanmhais chosanta beartaithe, mar shampla foirgnimh lasmuigh, ballaí teorann, pábháil, ráillí agus mar sin de. In LCA, bíonn gá le cead pleanála d'obair ar bith ar an taobh amuigh d'fhoirgneamh a d'fhéadfadh cur isteach do dhreach an cheantair.

3.4 Fostaíonn Seoltóir an Tionscadail comhairleoirí saineolais

3.4.1 Bainisteoir Tionscadail a cheapadh

Ba cheart do Sheoltóir an Tionscadail, i ndáil le haon Tionscadal Oidhreachta lena mbaineann obair ar dhéanmhas, Bainisteoir Tionscadail atá inniúil ar an gcúram a fhostú ag fíorthús an tionscadail. Is é is fearr más Bainisteoir Tionscadail seo atá cláraithe maidir le cúram gairmiúil i mbun obair thógála, mar shampla, ailtire, innealtóir struchtúr nó suirbhéir foirgníochta atá eolasach, oilte agus cleachtach ar oibriú ar ghnéithe den oidhreacht stairiúil foirgníochta agus/nó den oidhreacht nádúrtha de réir mar is cuí. Sa chás gur ag séadchomhartha nó áit taifeadta atá Tionscadal Oidhreachta lonnaithe agus nach bhfuil oibreacha fisiciúla i gceist leis, d'fhéadfadh gur chuí seandálaí mar Bhainisteoir Tionscadail. Mar shampla, d'fhéadfadh gur amhlaidh an cás nuair is obair chothabhála ar reilig stairiúil atá i gceist le tionscadal agus gan aon obair á beartú i ndáil le seanbhallaí foirgnimh ná le ballaí teorann etc. sa reilig.

I ndáil le tionscadal ar bith lena mbaineann beartaíocht sa timpeallacht, ní mór don Seoltóir Tionscadail/Bainisteoir Tionscadail a dheimhniú an bhféadfadh cur isteach ar an bhfiadhúlra, ar an mbithéagsúlacht nó ar chaomhnú an dúlra a theacht i gceist. Beidh scála agus cineál an chuir isteach ag brath ar chineál an tionscadail atá á bheartú agus ar a shochorraithe atá fulangaithe éiceolaíochta a bhféadfadh cur isteach den sórt sin tionchar a imirt orthu. Tabharfar sin san áireamh i ndáil le cineál na dtoileanna agus na mbeart measúnachta a éilítear agus le cineál an tsaineolais a mbeidh gá ag Seoltóir an Tionscadail agus ag an mBainisteoir Tionscadail lena

thabhairt faoi scáth mheitheal an tionscadail; ní mór deimhniú a dhéanamh i leith na gceisteanna seo bunaithe ar chúinsí gach cás faoi leith.

Tá córas creidiúnúcháin ag Institiúid Ríoga Ailtirí na hÉireann maidir le hailtirí atá oilte ar chaomhnú foirgníochta. Tá scéim creidiúnúcháin á hullmhú ag Cumann Shuirbhéirí Cairte na hÉireann agus ag Innealtóirí na hÉireann do shuirbhéirí cairte agus d'innealtóirí struchtúr. Is féidir comhairle ghinearálta a fháil ón oifigeach caomhantais ailtireachta san údarás áitiúil agus d'fhéadfadh eolas a bheith ar fáil ón oifigeach céanna faoin lucht gairme sa cheantar atá cáilithe agus oilte maidir le hobair chaomhnúcháin a dhéanamh.

Tá de fhreagracht ar Sheoltóir an Tionscadail agus ar an GÁG a dhearbhú dóibh féin go bhfuil an Bainisteoir Tionscadail a fhostaítear in ann chuig an gcúram. I gcásanna áirithe, d'fhéadfadh gur fearr nach aon duine nó comhlacht amháin an Bainisteoir Tionscadail agus an t-ailtire, innealtóir, suirbhéir caomhnúcháin. Ar an gcuma chéanna, d'fhéadfadh gur gá daoine den lucht gairme le saineolas i réimsí éagsúla maidir le cúrsaí éiceolaíochta nó eile a bheith páirteach sa mheitheal nó i gceannas uirthi, mar shampla, má thagann cúrsaí luibheolaíochta, éaneolaíochta agus mamacheolaíochta i gceist le haon tionscadal amháin, chomh maith le cúrsaí hidreolaíochta agus hidrigeolaíochta. Is ceart do Sheoltóir an Tionscadail agus don GÁG fianaise a fháil ar na cáilíochtaí cuí, na scileanna cuí agus cleachtadh roimh ré a bhaineann go sonrach le hábhar maidir leis an Tionscadal Oidhreachta seo agus le cineál an tionchair agus na dtorthaí a thiocfadh chun cinn.

I ndáil leis an Oidhreacht Foirgníochta, ba cheart go mbeadh an Bainisteoir Tionscadail inniúil ar:

- fheidhmiú ina M(h)aoirseoir Tionscadail maidir le Próiseas na Dearthóireachta (MTPD);
- suirbhéireacht ar riocht na foirgníochta a dhéanamh;
- riachtanas maidir le saineolas speisialta a thabhairt chun suntais agus moltaí a dhéanamh ina leith;
- ráitis maidir le modhanna oibre agus saothar dearthóireachta;
- cáipéisíocht an iarratais maidir le Tionscadal Oidhreachta a ullmhú;
- riarachán a dhéanamh ar an bpróiseas;
- conraitheoirí oiriúnacha a mheas agus moltaí a chur i láthair ina leith;
- cáipéisí tairisceana a ullmhú;
- conraitheoirí oiriúnacha a mheas agus a mholadh;
- an riarachán ar chonradh na n-oibreacha a dhéanamh;
- cruinnithe ar an suíomh a eagrú agus a rith;
- an cuntas deiridh a thabhairt chun críche agus an comhad sábháilteachta a thabhairt ar láimh.

Is gá don té a bheadh ina B(h)ainisteoir Tionscadail fianaise a chur ar fáil go raibh páirt go gairmiúil aige/aici i dtrí cinn ar a laghad de thionscadail maidir le déanmhais stairiúla a bhainfeadh le hábhar, sonraí a chur ar fáil maidir leis an obair dearthóireachta i ngach cás agus le luach an chonartha. Ní mór na trí cinn de shamplaí a chuirtear ar fáil a bheith ag baint le hábhar an tionscadail faoi chaibidil. Mar shampla, bíonn gá le scileanna éagsúla agus réimsí éagsúla taithí chun obair dheisiúcháin agus obair chaomhnúcháin a dhéanamh ar sheanbhallaí ó ré na meánaoise seachas mar a bhíonn chun foirgnimh ón ochtú nó an naoú aois déag a chaomhnú; d'fhéadfadh nach dtiocfadh sin leis an taithí ná an saineolas a bheadh ag mórchuid den lucht gairme tógála. Is mór an tairbhe a bhaineann le leanúnachas, do Sheoltóir an Tionscadail agus maidir leis an láthair oidhreachta. Is iondúil gur éifeachtaí seirbhísí Bhainisteoir Tionscadail agus Mheitheal Tionscadail a fhostú ón gcéim dearthóireachta tosaigh go dtí go dtugtar an obair chun críche agus go mbeadh sábháil costais ag baint leis sin freisin. Tugtar deis chomh maith don mheitheal eolas níos fearr a chur ar an ionad agus cur lena gcuid saineolais maidir leis an bhfoirgneamh agus/nó láthair faoi leith atá i gceist.

3.4.2 Meitheal Tionscadail

Beidh gá le meitheal ildánach daoine a tharraingt le chéile i ndáil le Tionscadal Oidhreachta go hiondúil, daoine le saineolas ar réimsí éagsúla, mar shampla an ailtireacht, an tseandálaíocht, innealtóireacht struchtúir, éiceolaíocht, etc. de réir mar a bhaineann le gach tionscadal faoi leith. Meitheal an Tionscadail a bhíonn freagrach as leagan amach agus sonraíocht na hoibre. Beidh gach ball den Mheitheal Tionscadail, na conraitheoirí agus na fochonraitheoirí inniúil, oilte agus cleachtach ar a dteastaíonn maidir lena ról féin sa Tionscadal Oidhreachta beartaithe.

I ndáil le tionscadail a d'fhéadfadh cur isteach ar chaomhnú an dúlra, ní mór cúram a dhéanamh ionas go gcinntítear go mbíonn an réimse cuí de shaineolas éiceolaíochta, agus de chineálacha eile saineolais, ar fáil ón mBainisteoir Tionscadail agus an meitheal, de réir mar a oireann don tionscadal agus do thréithe an tsuímh. Ag brath ar nádúr agus ar chastacht na ngnéithe sin, ní móide gur leor aon éiceolaí amháin chun a mbeadh riachtanach maidir le próisis suirbhéireachta, taighde, measúnachta agus toiliúcháin a shásamh. Ní mór don Bhainisteoir Tionscadail a chinntiú go dtugtar tuiscint chomhleanúnach i bhfeidhm ar an gceangal idir cineál an tionscadail agus na ceisteanna éiceolaíochta ar fad a bhaineann le hábhar; d'fhéadfadh gá a bheith chuige seo le saineolas ó chineálacha éagsúla éiceolaithe, innealtóirí etc. a bhfuil cleachtadh acu ar oibriú i dtimpeallacht ildánach agus ildisciplíneach oibre den sórt seo. Is ceart do Sheoltóirí Tionscadail agus do bhainisteoirí féachaint lena chinntiú go bhfostaíonn siad seirbhísí gairmiúla ó dhaoine atá cáilithe mar is cuí agus ar acmhainn dóibh a gcuid saineolais a léiriú maidir leis an reachtaíocht, le modhanna suirbhéireachta agus anailíse, le modhanna sárchleachtais agus le heolas ar an litríocht phiarmheasta reatha a bhaineann le hábhar an tionscadail.

Luaifear ainmneacha agus sonraí comhfhreagrais an uile dhuine de Mheitheal an Tionscadail san iarratas chuig an GÁG agus i gcomhad an tionscadail. Is ceart athrú ar bith maidir le baill Mheitheal an Tionscadail a aontú i scríbhinn leis an GÁG.

Sa chás gur coiste nó grúpa daoine Seoltóir an Tionscadail, is iondúil gur tairbheach maidir le dea-riarachán ar an tionscadal aon duine amháin as an ngrúpa a ainmniú mar phearsa comhfhreagrais ag Meitheal an Tionscadail.

3.4.3 Seandálaithe a cheapadh

Sa chás go mbaineann obair le Tionscadal Oidhreachta ag séadchomhartha seandálaíochta, nó i ndáil le séadchomhartha den sórt sin nó i ngar do cheann, atá cosanta faoi Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta, ceapfar ón tús seandálaí atá dea-cháilithe don chúram chun comhairle a chur, chun tuarascáil a ullmhú maidir le measúnacht seandálaíochta agus cúram a dhéanamh den tionscadal go dtugtar an obair chun críche. Éileofar ar an seandálaí fianaise a chur ar fáil go raibh páirt go gairmiúil aige/aici i dtrí cinn ar a laghad de thionscadail caomhnúcháin/seandálaíochta a bhaineann le hábhar agus sonraí faoi na tionscadail agus faoin ábhar seandálaíochta a tháinig i gceist a chur ar fáil i ngach cás. Ní mór na trí cinn de shamplaí a chuirtear ar fáil a bheith ag baint le hábhar an tionscadail faoi chaibidil agus léireoidh an seandálaí taithí ar thuarascálacha a chur ar fáil ar mhaithe le cartlannaíocht agus le foilsiú.

Sa chás go n-éilítear measúnacht seandálaíochta a dhéanamh lena mbainfeadh tochailt ar mhaithe le scrúdú seandálaíochta, is i gcomhréir le ceadúnas nó le Toiliú an Aire chuige sin faoi Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta a dhéanfar sin. Cuirfidh Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta comhairle faoi aon chás den sórt sin. Ní féidir le haon duine tabhairt faoi thochailt den chineál sin nach bhfuil ina sheandálaí dea-cháilithe chuig an gcúram ag feidhmiú de réir ceadúnais nó le toiliú arna n-eisiúint ag an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta.

Tá liosta seandálaithe ar fáil ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta. Tugtar ar an liosta sin ainmneacha agus sonraí comhfhreagrais na seandálaithe agus na gcomhlachtaí seandálaíochta sin a bhfuil iarrtha acu ar an Roinn sonraí ina leith a chur ar fáil go poiblí d'aon duine a d'iarrfadh eolas faoi sheirbhísí seandálaíochta a chuirtear ar fáil in Éirinn. Tá sonraí comhfhreagais maidir le Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta féin ar fáil in Aguisín A leis na Coinníollacha Oibriúcháin seo.

D'fhéadfadh gá a bheith ag éiceolaithe le ceadúnas ón Roinn chun tabhairt faoi bhearta áirithe. Tá mionsonraí faoi cheadúnais den sórt sin ar fáil ar láithreán gréasáin na Seirbhíse Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra.

3.4.4 Oibrithe oilte tógála a úsáid

Is oibrithe oilte inniúla tógála amháin a fhostófar i mbun na hoibre agus sin faoi mhaoirseacht chuí. Ba cheart don Bhainisteoir Tionscadail comhairle a chur ar fáil maidir le conraitheoirí agus/nó ceardaithe a roghnú atá in acmhainn an obair a dhéanamh mar is cóir.

4.0 SRIANTA A DHEIMHNIÚ

Ar an gcéad chuid eile den bheartaíocht, ba cheart do Mheitheal an Tionscadail:

- Na srianta maidir leis an suíomh a dheimhniú agus, de réir mar is cuí, comhairle réamhphleanála a lorg ó na húdaráis phleanála, agus/nó ó na húdaráis eile a bhféadfadh (nó a bhfuil) gá le toiliú agus/nó ceadúnas a fháil uathu; agus
- Anailís agus Forbairt a dhéanamh maidir le tionscadal ar bith nach tionscadal ar bheagscála, d'fhonn an obair mheasúnachta agus scrúdúcháin a thabhairt chun críche is gá chun lón eolais a chur ar fáil do thogra mionsonraithe. Moltar do sheoltóirí deiseanna cistíochta maidir le tionscadal A&F a phlé leis an GÁG.

4.1 Deimhníonn Meitheal an Tionscadail coinníollacha na n-údarás reachtúil

Is den tábhacht go ndéanfadh Meitheal an Tionscadail, i bhfíorthús na beartaíochta, a dheimhniú cé na fógraí, ceadanna agus/nó toileanna is gá a thabhairt/a fháil sula dtugtar faoi aon chuid den obair. Is ceart a thabhairt chun aire go bhféadfadh láthair, déanmhas nó gné faoi leith a bheith faoi chosaint faoi níos mó ná aon mhír amháin den reachtaíocht. Mar shampla, d'fhéadfadh gur séadchomhartha taifeadta, déanmhas cosanta agus láthair maidir le speiceas cosanta, e.g. fara ialtóg, an t-aon déanmhas amháin. Beidh gach fógra, cead, ceadúnas agus/nó toil a éilítear faoin reachtaíocht socraithe faoin tráth a gcuirtear iarratas faoi bhráid an GÁG don Bhreithniú Oidhreachta agus beidh cóipeanna díobh isteach le cáipéisíocht an iarratais.

Cinnteoidh Seoltóirí Tionscadail agus grúpaí GÁG go sásaítear go hiomlán gach coinníoll faoin reachtaíocht ionas gur féidir an Tionscadal Oidhreachta a cheadú agus a mhaoiniú. Sa chás go mbeadh Tionscadal Oidhreachta in aghaidh na reachtaíochta, beidh sin ina chúis le hiarratas a dhiúltú, le tionscadal a chur ar ceal nó le deonú cistíochta a chur ar ceal.

Is iad seo a leanas na heagrais chuí ar ceart comhfhreagras a dhéanamh leo maidir le cosaint oidhreachta:

4.1.1 Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta

An tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta atá freagrach as an oidhreacht ailtireachta a chosaint. Comhlíontar an dualgas ina leith sin trí chumhachtaí faoi Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta a fheidhmiú agus le hobair Sheirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta sa Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta.

Ní mór don uile dhuine (lena n-áirítear comhlachtaí, e.g. cuideachtaí) a dhéanann obair, nó a thugann údarás le hobair a dhéanamh, i ndáil le séadchomhartha, áit nó limistéar atá cosanta faoi Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta, a chinntiú go mbeadh an obair i gcomhréir leis na

hAchtanna céanna sin. Duine ar bith a dtugtar chun aire go bhfuil na hAchtanna á sárú aige/aici, agrófar ar an duine sin freagracht leithleach faoin dlí maidir le sárú dá shórt.

Anuas ar an méid sin thuas, chun críche na Riachtanas Oibriúcháin seo, leagtar ar Sheoltóir an Tionscadail a chinntiú go mbíonn gach gné den obair a dhéantar mar chuid den Tionscadal Oidhreachta i gcomhréir go hiomlán le hAchtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta.

I ndáil le séadchomhartha náisiúnta atá faoi úinéireacht nó faoi chaomhnóireacht an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta nó údaráis áitiúil, nó a thagann faoi réir ordú caomhnúcháin, is gá toiliú an Aire i scríbhinn a fháil le haon phlé le gnéithe foirgníochta nó le briseadh talún laistigh de, thart air nó i ngar dó. Mar shampla, tarlaíonn sé go mbíonn mórchuid na seanreiligí, nach bhfuil ceangailte le séipéal atá in úsáid go fóill, faoi úinéireacht an údaráis áitiúil agus d'fhéadfadh, má tá tábhacht shuntasach nó tábhacht náisiúnta leo ó thaobh na seandálaíochta, gur séadchomharthaí náisiúnta iad.

I ndáil le séadchomharthaí cláraithe agus le séadchomharthaí taifeadta, ní mór fógra dhá mhí i scríbhinn a thabhairt don Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta maidir le haon obair atá beartaithe a dhéanamh ar láthair an tséadchomhartha nó i ndáil leis an séadchomhartha. Is cion é na coinníollacha ina leith seo a shárú. Is cion freisin faoi Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta cartadh nó tochailt a dhéanamh in áit ar bith chun críche gnéithe seandálaíochta a aimsiú gan ceadúnas chuige sin arna n-eisiúint ag an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta nó ar aon bhealach nach bhfuil i gcomhréir go díreach leis an gceadúnas.

Fógra agus/nó iarratas maidir le toiliú an Aire faoi na hAchtanna

Tá na foirmeacha le húsáid maidir le haon fhógra nó le haon iarratas ar thoiliú i ndáil le haon togra beartaithe ar fáil le híoslódáil ar www.archaeology.ie faoi Foirmeacha.

Nuair a bhíonn fógra nó iarratas ar thoiliú an Aire á chur faoi bhráid faoi Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta, is ceart do Sheoltóir an Tionscadail cuntas cuimsitheach ar an obair atá beartaithe, arna ullmhú ag Meitheal Tionscadail an lucht gairme, a chur isteach leis an bhfógra/iarratas chomh maith le tuarascáil measúnachta maidir le cúrsaí seandálaíochta.

4.1.2 An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra

Is ar an Aire sa Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta a leagtar an phríomhfhreagracht maidir le caomhnú an fhiadhúlra cé go bhfuil dualgas ina leith sin ar gach údarás poiblí, *i.e.* tá dlite orthu i mbun a gcuid feidhmeanna dóibh, lena n-áirítear feidhmeanna maidir le cead nó toiliú, nuair a d'fhéadfadh toradh nó tionchar a theacht i gceist i ndáil le caomhnú an dúlra, déanamh i gcomhréir le agus mar is cóiriúil do chomhlíonadh na gcoinníollacha faoin Treoir um Ghnáthóga

agus faoin Treoir um Éin agus faoi Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Éin agus Gnáthóga Nádúrtha) 2011[2] a thabhairt i gcrích.

Déantar freagracht an Aire a chomhlíonadh den chuid is mó trí chumhacht a fheidhmiú a thagann faoi na hAchtanna um Fhiadhúlra agus Rialacháin na bliana 2011 agus le hobair na Seirbhíse Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra. Tá eolas faoi láithreáin caomhantais dúlra, gnáthóga agus speicis, chomh maith le réimse úsáideach foilseachán ar fáil ón láithreán gréasáin ag an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra, www.npws.ie. Is féidir caidreamh a thionscnamh le Maoirseoirí Caomhantais faoi cheisteanna a bhaineann le caomhnú an dúlra go háitiúil, an reachtaíocht maidir leis an bhfiadhúlra san áireamh, nó aon chás ina mbeadh toiliú an Aire de dhíth.

Tugtar chun aire go dteastaíonn ceadúnas chun cur isteach ar speiceas cosanta agus/nó ar ghnáthóg an speicis, bíodh toiliú eile de dhíth nó ná bíodh. Ní mór an ceadúnas a fháil sula dtosaítear ar aon chur isteach agus an ceadúnas a bheith bailí an tráth sin agus is ceart cur isteach ar an gceadúnas roimh aon iarratas eile ar chead nó toiliú, e.g. cead pleanála, nó an tráth céanna leis na hiarratais eile sin. Is iondúil coinníollacha dochta a lua le haon cheadúnas a thugtar agus ní mór cloí leis na coinníollacha sin. Is féidir caidreamh a cheangal le Brainse na gCeadúnas sa Roinn maidir lena bhfuil de dhíth maidir le ceadúnais.

Chomh maith leis sin, ní ceart 'damáiste don chomhshaol' faoi mar a luaitear sa Treoir um Dhliteanas Comhshaoil agus sna Rialacháin a dhéanamh ná a tharraingt le haon tionscadal. Tagann san áireamh leis sin damáiste do ghnáthóga nádúrtha nó do speicis chosanta cibé áit ina dtarlódh an damáiste sin agus tagann san áireamh mórchuid na ngnáthóg agus na speiceas a bhfuil cosaint acu faoi na Treoracha maidir le hÉin agus maidir le Gnáthóga. Tá breis eolais faoin Treoir agus faoi na Rialacháin ina leith ar fáil ón nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (www.epa.ie).

4.1.3 Na hÚdaráis Phleanála

Leagtar freagracht ar na húdaráis áitiúla (comhairlí contae agus comhairlí cathrach) agus ar an mBord Pleanála maidir leis na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt a chur i bhfeidhm. Cé gur ar na húdaráis áitiúla atá an phríomhfhreagracht as an oidhreacht ailtireachta a chosaint, tá tábhacht freisin le feidhmeanna a leagtar orthu i ndáil le suíomhanna seandálaíochta agus an oidhreacht nádúrtha a chaomhnú. D'fhéadfadh gá a bheith le cead pleanála maidir le tionscadal ar bith a mbeadh cur isteach ar láithreán oidhreachta ann dá bharr.

[2] Lena n-áirítear Rialachán 27 de Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Éin agus Gnáthóga Nádúrtha) 2011: Dualgais údarás poiblí a bhaineann le caomhantas dúlra, cé nach é sin amháin é.

Sa chás gur údarás áitiúil an t-údarás reachtúil, is ceart leas a bhaint as na modhanna oibre atá curtha ar bun faoi alt 247 sna hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt maidir le plé réamhphleanála d'fhonn gach a bhfuil de dhíth a chinntiú.

Más déanmhas cosanta nó déanmhas cosanta beartaithe an déanmhas nó má tá an déanmhas suite i limistéar caomhantais ailtireachta, is ceart páirt a bheith ag an oifigeach caomhantais ailtireachta san údarás áitiúil (má tá oifigeach den sórt sin ceaptha ag an údarás) sa phlé ar an obair bheartaithe ón tráth is luaithe is féidir.

Chomh maith lena bhfuil thuas, is féidir le Seoltóir an Tionscadail cúnamh rífhiúntach a fháil maidir le Tionscadal Oidhreachta a ullmhú ó dhaoine eile san údarás áitiúil a bhfuil taithí acu ar chúrsaí oidhreachta, mar shampla, oifigigh oidhreachta, seandálaithe agus oifigigh bhithéagsúlachta a mbeadh cleachtadh le fada acu ar phlé le cuid mhór tionscadal pobail. Sa chás nach bhfuil oifigigh den chineál sin ar fáil, d'fhéadfadh go mbeadh cúnamh ar fáil ó oifigeach pleanála. Is faoin údarás pleanála lena mbaineann aon cheist maidir le páirt ball foirne dá gcuid sa chomhairliúchán réamhphleanála.

4.1.4 Forbraíocht Dhíolmhaithe

4.1.4.1 Oibreacha ag láithreáin seandálaíochta agus srianta maidir le forbraíocht dhíolmhaithe

D'fhéadfadh gá a bheith le cead pleanála i ndáil le hobair ag láithreán seandálaíochta. Leagtar amach sna Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt 2001 (arna leasú) aicmí áirithe forbraíochta atá, faoi réir ag coinníollacha sonracha, díolmhaithe ón ngá a bheadh le cead pleanála. Is tábhachtach a thabhairt chun aire go mbaineann roinnt de na srianta a leagtar amach in Airteagal 9 (1) (a) (vii) agus (vii A) de na Rialacháin (arna leasú) le tochailt, athrú nó scartáil ar shéadchomhartha seandálaíochta a luaitear d'aidhm i bplean forbartha an údaráis áitiúil é a chaomhnú nó a luaitear sa Taifead ar Shéadchomharthaí agus Áiteanna. Tá feidhm leis na srianta seo maidir le díolúine ó ghá a bheith le cead pleanála gan bheann ar an séadchomhartha a bheith ina dhéanmhas cosanta chun críche na nAchtanna um Pleanáil agus Forbairt. Is ceart dul i gcomhairle leis an údarás áitiúil go ndeimhnítear dearcadh an údaráis maidir le srianta Airteagal 9 ar dhíolúine i ndáil le cás an tionscadail go sonrach agus cibé an mbeadh feidhm leo. D'fhéadfadh go gcuirfeadh an t-údarás áitiúil comhairle ar fáil maidir le hiarratas a dhéanamh ar dheimhniú go bhfuil nó nach bhfuil an obair a bheartaítear saor ó choinníoll maidir le cead pleanála a fháil.

Nóta: ní fhágann seo go mbeadh Seoltóir an Tionscadail saor ó cheangal fógra a thabhairt don Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta faoi Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta. Ba cheart do Sheoltóir an Tionscadail freagra an údaráis áitiúil maidir le srianta ar fhorbraíocht dhíolmhaithe a chur isteach leis an togra don tionscadal a chuirtear faoi bhráid maidir le Breithniú Oidhreachta.

4.1.4.2 Obair ag láithreáin caomhantais dúlra, obair a d'fhéadfadh cur isteach ar láithreáin caomhantais dúlra agus srianta maidir le forbraíocht dhíolmhaithe

Faoi na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt, ní gnách díolúine ó choinníollacha maidir le cead pleanála á chur i bhfeidhm sa chás go mbeadh cur isteach ar láithreán caomhantais dúlra ag tionscadal beartaithe. Tugtar san áireamh leis sin obair a dhéanfaí taobh istigh nó taobh amuigh de láithreán caomhantais dúlra. D'fhéadfadh go n-áireofaí mar láithreán caomhantais dúlra láithreán atá faoi chosaint faoi reachtaíocht na hEorpa chomh maith leis an reachtaíocht náisiúnta, e.g. Limistéir faoi Chosaint Speisialta, Limistéir faoi Chaomhnú Speisialta, Limistéir Oidhreachta Nádúrtha, Limistéir Oidhreachta Nádúrtha bheartaithe, etc.

Is ceart aird a thabhairt ar na forálacha a leanas go léir, i measc forálacha eile, agus meá á dhéanamh ar cheist maidir le stádas díolmhaithe tionscadail bheartaithe a theacht:

- faoin Acht Comhshaoil (Forálacha Ilghnéitheacha) 2011 Cuid 5, sa chaoi is nach mbeadh díolúine ag forbraíocht dhíolmhaithe má tá MTT nó MC de dhíth i ndáil leis an bhforbraíocht
- Airteagail 6 agus 9 de na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt.

Chomh maith leis an méid sin, is ceart a thabhairt faoi deara, mar gheall ar leasú ar reachtaíocht na pleanála (I.R. Uimh. 454 de 2011 agus I.R. Uimh. 464 de 2011), gur gá cead pleanála a fháil in aon chás ina dtarlódh 0.1ha de bhogach a dhraenáil nó a líonadh isteach mar gheall ar fhorbraíocht; dhá heicteár an bunleibhéal maidir le RTT éigeantach. Tagann cuid mhór i gceist faoin sainmhíniú a chuirtear le talamh bogaidh (Féach RCPRÁ, 2011).

4.1.4.3 Dearbhú faoi na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt

Faoi alt 5 de na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt, is féidir a iarraidh ar údarás pleanála a dheimhniú an bhfuil forbraíocht díolmhaithe nó nach bhfuil. Cuirtear freagra ar fáil taobh istigh de thréimhse ceithre seachtaine. Ní mór, i ndáil le gach tionscadal LEADER lena mbaineann forbairt ar thalamh nó ar mhaoin talún, cead pleanála a iarraidh nó díolúine faoi alt 5 a iarraidh, is féidir tuairim fhoirmeálta i scríbhinn, arna síniú ag baill foirne cuí i mbrainse pleanála an Údaráis Áitiúil, a úsáid mar dheimhniú nach gá cead pleanála ná toiliú eile i ndáil leis an tionscadal.

Tá úinéirí nó áitritheoirí déanmhais chosanta i dteideal a iarraidh i scríbhinn ar an údarás áitiúil, faoi alt 57 an Achta um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú), treoir a thabhairt maidir le cineálacha oibre a mbeadh cead pleanála de dhíth ina leith agus cineálacha nach mbeadh. Ní féidir díolúine ón ngá le cead pleanála a fháil a cheadú ach amháin i ndáil le hobair nach mbeadh tionchar ábhartha aige ar thréithe an déanmhais ná ar aon ghné den déanmhas a chuireann leis mar ábhar speisialta spéise. Sa chás go bhfuil éiginnteacht ar bith maidir le hobair bheartaithe, is ceart dul i gcomhairle leis an oifigeach caomhantais ailtireachta san údarás áitiúil

lena mbaineann. Más déanmhas atá i gceist a luaitear freisin sa TSÁ, bíonn gá i ngach cás le fógra faoi Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta, d'ainneoin aon díolúine ó chead pleanála a iarraidh.

Is ceart a thabhairt chun aire nach ionann dearbhú, faoi alt 5 ná faoi alt 57 den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú), agus díolúine ag Tionscadal Oidhreachta maidir le gá le cead pleanála sa chás go mbeadh tionchar ábhartha ag an obair ar thréithe déanmhais chosanta.

4.2 Anailís agus Forbairt

Leagtar amach sna Coinníollacha Oibriúcháin ghinearálta an chistíocht atá ar fáil maidir le hAnailís agus Forbairt (A&F) i ndáil leis na bearta éagsúla. Moltar go láidir leas a bhaint as A&F i ndáil le mórchuid na dTionscadal Oidhreachta. Dhéanfaí freastal ar an gcaoi sin do shaineolaithe a bheith páirteach ó fhíorthús an Tionscadail Oidhreachta d'fhonn a indéanta agus a oiriúnaí atá na tograí a mheas, rud a sheachnódh caitheamh ama agus díchill le tograí a dtarlódh nach inghlactha iad i ndeireadh báire ó thaobh chaomhnú na hoidhreachta. Ba cheart leas a bhaint as A&F mar dheis dul i gcomhairle le húdaráis reachtúla, le húinéirí agus páirtithe leasmhara eile in aice láthair d'fhonn a dtuairimí agus/nó aon choinníoll a fháil amach. D'fhéadfadh beartaíocht A&F a bheith ina chabhair freisin ag grúpaí GÁG nuair a bhíonn iarratas maidir le Tionscadal Oidhreachta á mheas acu.

Tugann A&F deis obair scrúdúcháin agus fiosrúcháin a dhéanamh sula gcuirtear togra mionsonraithe i dtoll a chéile, mar shampla:

- Measúnacht seandálaíochta arna dhéanamh ag seandálaí dea-cháilithe chuige sin; (déanfaidh Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta cineál agus oiread na measúnachta a shocrú bunaithe ar chúinsí an cháis)
- Taighde staire agus tiomsú cáipéisíochta maidir leis an déanmhas nó an láithreán, an stair a bhaineann leis agus na háitritheoirí a bhíodh ceangailte leis roimhe seo;
- Scrúdú ar an déanmhas go bhfeictear na gnéithe ceilte i gceist, mar shampla doirse a blocáladh, alt foirgníochta nó scéimeanna maisiúcháin;
- Measúnacht maidir leis an riocht ina bhfuil gnéithe ceilte, mar shampla adhmad foirgníochta;
- Scrúdú ar an acmhainn a bheadh i ngnéithe foirgníochta ualach breise a sheasamh;
- Sonraíocht agus modhanna oibre deisiúcháin a leagan amach go mion, mar shampla modhanna pointeála, ábhar ionaid, agus mar sin de;
- Painéil shamplacha a leagan amach de chineálacha ábhair agus de stíleanna saothair ionas gur féidir measúnú a dhéanamh ar an gcaighdeán a bheidh de dhíth agus bunchaighdeán saothair inghlactha a leagan síos go sonrach ar féidir tagairt a dhéanamh dó le linn dhéanamh

na hoibre. Is i gcás eisceachta amháin a bheadh painéil shamplacha á socrú ar an déanmhas stairiúil féin;

- Ábhar speisialta a aimsiú, mar shampla tuí, cloch, adhmad nó eile, ionas go dtiocfaidh na gnéithe deisithe leis an mbunsaothar;
- Ceisteanna eile is fiú a thabhairt san áireamh agus a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar an leagan amach a thugtar i ndeireadh báire ar an Tionscadal Oidhreachta, suirbhéireacht agus anailís éiceolaíochta san áireamh.

4.2.1 Tionscadail mionoibreacha

Áirítear ar chineálacha na dtionscadal mionoibreacha nach móide Anailís agus Forbairt de dhíth ina leith, tionscadail maidir le hobair chúraim agus chothabhála ar sheanreilig nach mbeadh aon obair ar dhéanmhas dá bheartú leis ná aon tochailt seandálaíochta. Is ceart a thabhairt chun aire go bhféadfadh cúrsaí fiadhúlra a theacht i gceist ina dhiaidh sin is uile maidir le tionscadail dá sórt.

4.2.2 Tosca gan choinne leo

Is minic a tharlaíonn le linn obair a dhéanamh ar fhoirgneamh stairiúil nó ar shéadchomhartha seandálaíochta go dtagann ceisteanna chun cinn nach raibh coinne leo ach a bhféadfadh cur isteach a bheith acu ar chostas agus/nó tráthchlár Tionscadail Oidhreachta. D'fhéadfadh gur féidir tosca den sórt seo a thabhairt chun suntais agus a fhiosrú roimh ré mar chuid den Anailís agus Forbairt, ach ní i ngach cás a tharlaíonn sin. Áirítear ar thosca gan choinne a d'fhéadfadh a theacht chun cinn:

- Críonlobhadh, mídhaingne nó gnéithe ceilte foirgníochta a thabhairt faoi deara le linn an obair oscailte tosaigh a dhéanamh;
- Gnéithe seandálaíochta gan choinne leo a aimsiú agus/nó ábhar a dtarlaíonn seanchonablach ann ón ré anallód;
- Fara ialtóg a thabhairt chun aire (ina leithéid sin de chás, is ceart stad a chur láithreach leis an obair agus dul i mbun caidrimh leis an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra).

Sa chás go dtagann costas gan choinne i gceist le linn Tionscadal Oidhreachta a chur i bhfeidhm agus gur bunriachtanach an caiteachas a dhéanamh chun an Tionscadal a chur i gcrích, is féidir iarratas a chur chuig an GÁG maidir le cistí breise i gcomhréir leis an bpróiseas a leagtar amach sna Rialacha Oibriúcháin ginearálta.

5.0 TOGRA AN TIONSCADAIL A ULLMHÚ

Déanann Meitheal an Tionscadail an tráth seo:

- Aon obair taighde nó suirbhéireachta is gá ar mhaithe le lón eolais maidir le haidhm agus leagan amach an tionscadail;
- An Tionscadal Oidhreachta a leagan amach go mionsonraithe chomh maith le haon bheart measúnachta a éilíonn na húdaráis toilithe a bhaineann le hábhar; agus
- Cur isteach ar aon toiliú nó cead is gá agus gach toiliú agus cead acu sin a fháil.

5.1 An Tionscadal Oidhreachta a Ullmhú

Tá buntábhacht le hiarratas cuimsitheach dea-ullmhaithe ionas go mbíonn rath ar Thionscadal Oidhreachta. Bíonn gnéithe sainiúla dá chuid féin ag baint le gach Tionscadal Oidhreachta agus is ceart cóiriú dóibh sin de réir mar is gá. Sa chás nach gcuirtear cuntas iomlán ar an obair atá beartaithe ar fáil san iarratas, le haird ar na ceisteanna ar fad a bhaineann le hábhar, seolfar an t-iarratas ar ais chuig Seoltóir an Tionscadail. Tugtar liosta imlíneach seiceála in Aguisín B leis an gcáipéis seo atá úsáideach ag Seoltóirí Tionscadail agus ag grúpaí GÁG.

5.2 Ábhar an Iarratais maidir le Tionscadal Oidhreachta

5.2.1 Eolas bonnlíne

Cuirfear le gach iarratas an fhaisnéis uile is gá chun suíomh na n-oibreacha beartaithe a shonrú, lena n-áirítear mapaí, seoladh poist, an baile fearainn agus comhordanáidí tíreolaíochta (nuair atá sin ar fáil).

Beidh leis an iarratas freisin, mionsonraí faoi gach ainmniúchán oidhreachta a bhaineann leis an láthair agus a tharlaíonn taobh istigh de réimse tionchair an tionscadail, uimhreacha tagartha san áireamh, mar shampla don Taifead ar Shéadchomharthaí agus Áiteanna, do Thaifead na nDéanmhas Cosanta agus, más ann dó, uimhir chlárúcháin Fhardal Náisiúnta na hOidhreachta Ailtireachta (FNOA). Má tharla suirbhé ar fhoirgneamh maidir le FNOA, tá sonraí ina leith ar fáil ar www.buildingsofireland.ie. Is ceart aon láithreán caomhantais dúlra, e.g. Limistéar faoi Chosaint Speisialta, Limistéar faoi Chaomhnú Speisialta, Limistéar Oidhreachta Nádúrtha nó ainmniúchán ar bith eile i ndáil leis an bhfiadhúlra, a lua go sonrach trí ainm agus cód an tsuímh a lua (le SPA, LCS, LON nó LON ionchais a bhainfeadh cód).

5.2.2 Measúnacht tionchair éiceolaíochta

Ag brath ar chineál, ar mhéid agus ar shuíomh an tionscadail, agus ar leithead, ar scála agus ar chastacht na gceisteanna éiceolaíochta a thiocfadh chun cinn, d'fhéadfadh gá le ní amháin, nó

níos mó ná sin, díobh seo a leanas i ndáil leis an tionscadal agus le haon iarratas ina leith maidir le toiliú agus/nó ceadúnas:

- scagthástáil maidir le measúnacht chuí
- Ráiteas Tionchair Natura
- Ráiteas Tionchair Timpeallachta
- tuarascáil suirbhéireachta agus iarratas ar cheadúnas maolúcháin
- tuarascáil éiceolaíochta de chineál eile/measúnacht tionchair éiceolaíochta.

Cuirfidh na héiceolaithe atá fostaithe ag an Tionscadal Oidhreachta agus, má tá gá le toiliú faoin reachtaíocht, ag an údarás toiliúcháin lena mbaineann comhairle ar fáil maidir le haon mheasúnacht nó toiliú atá de dhíth. Is ceart bearta measúnachta a dhéanamh sula gcuirtear aon iarratas faoi bhráid agus ba cheart go dtiocfadh an phleanáil agus an dearthóireacht i ndáil leis an tionscadal faoi anáil na measúnachta.

5.2.3 Measúnacht agus scrúdú seandálaíochta

Sa chás, mar gheall ar ionad, scála nó cineál an Tionscadail Oidhreachta, go dtagann cúrsaí seandálaíochta i gceist, nó sa chás go bhfuil an tionscadal suite ag séadchomhartha a thagann faoi chosaint Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta, beidh gá le measúnacht seandálaíochta. Is é cuspóir a bhíonn le measúnacht seandálaíochta tuiscint níos fearr a fháil ar láthair seandálaíochta nó ar láthair ina bhféadfadh gnéithe seandálaíochta nó séadchomhartha a bheith sa chaoi is gur féidir gach a dtiocfadh i gceist leis na hoibreacha beartaithe ag an suíomh nó séadchomhartha, i ndáil leis an suíomh nó séadchomhartha nó i ngar don suíomh nó séadchomhartha a thabhairt faoi mheas go hiomlán. D'fhéadfadh a theacht san áireamh leis an measúnacht seo, de réir mar a oireann, taighde cháipéisíochta, siúl na láithreach, scrúdú/tuairiscíocht ar ghnéithe nó déanmhais atá ina seasamh nó ar feiceáil, scrúdú ar ábhar grianghrafadóireacht ón aer atá ar fáil cheana féin nó a dhéantar an tráth seo, nó ar íomhánna eile cianbhraite, suirbhé geoifisice, measúnacht topagrafaíochta agus tochailt seandálaíochta nó tochailt tástála má mheastar gur cuí sin.

Ba cheart, i ngach uile chás, go mbeadh *Ráiteas Tionchair Seandálaíochta* ag gabháil leis an measúnacht seandálaíochta ina leagtar amach gach tionchar, go díreach agus go hindíreach, a bheadh ag an tionscadal ar an oidhreacht seandálaíochta agus bearta cuí chun aon tionchar ionchais a mhaolú. Is é sin le rá gur cheart bearta a leagan amach go soiléir sa tuarascáil maidir leis an measúnacht seandálaíochta ar na bearta a mbainfidh Meitheal an Tionscadail leas astu chun a chinntiú go ndéantar gnéithe/ábhar seandálaíochta a chumhdach ó thús go deireadh an tionscadail. Seandálaí dea-cháilithe atá cleachtaithe ar an gcúram is ceart a bheith i mbun measúnacht seandálaíochta a dhéanamh. Sa chás go mbeartaítear Tionscadal Oidhreachta a dhéanamh mar a bhfuil séadchomhartha nó áit atá cosanta faoi Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta, beidh seandálaí le háireamh ar bhaill Mheitheal an Tionscadail.

5.2.4 Anailís tar éis na tochailte

Sa chás go mbeartaítear scrúdú seandálaíochta, lena n-áirítear tochailt seandálaíochta, a dhéanamh mar chuid de Thionscadal Oidhreachta agus go n-aontaítear sin le Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta, déanfar soláthar iomlán mar chuid de chostas an tionscadail don mhaoiniú is gá maidir le hanailís tar éis na tochailte (iniúchadh ag saineolaí agus tuairiscí ina leith, cóireáil agus caomhnú ar iarsmaí tar éis tochailt seandálaíochta a dhéanamh). Ar an gcuma chéanna, déanfar soláthar lánchuimsitheach do na tuairiscí seandálaíochta ar fad is gá a chur ar fáil agus do chraobhscaoileadh faisnéise nó d'fhoilseachán tar éis an Tionscadal Oidhreachta a thabhairt chun críche. Ba cheart go gcuirfeadh seandálaí an tionscadail comhairle dá réir ar Sheoltóir an Tionscadail agus ar an GÁG. Is ceart mionsonraí faoin anailís tar éis na tochailte a lua mar chuid den iarratas.

5.2.5 Measúnacht tionchair maidir leis an oidhreacht ailtireachta

Sa chás go mbeadh cur isteach ag an obair beartaithe ar dhéanmhas cosanta, ar dhéanmhas cosanta beartaithe, ar limistéar caomhantais ailtireachta nó ar dhéanmhas cosanta faoi Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta, ní foláir measúnacht tionchair a dhéanamh maidir leis an oidhreacht ailtireachta. Ba cheart scóip agus mine na hoibre i ndáil le measúnacht tionchair a dhéanamh maidir leis an oidhreacht ailtireachta a bheith i gcomhréir le cineál agus scála na n-oibreacha beartaithe. Is é cuspóir ba cheart a bheith leis an measúnacht cur síos a thabhairt ar na bealaí ina bhféadfadh a bhfuil beartaithe cur isteach ar thréithe an déanmhais nó ar aon chuid den déanmhas. Is iondúil go mbíonn gá dá réir le cur síos ar an déanmhas mar atá faoi láthair; ar an obair atá beartaithe; agus ar na bealaí ina ndéanfar aon tionchar ionchais chun dochair ar an oidhreacht ailtireachta a mhaolú.

Sa chás go bhfuil obair chuimsitheach nó leathanréimseach á beartú, d'fhéadfadh gur ghá iomlán na foirgníochta agus iomlán na talún, chomh maith leis na gnéithe uile sa chúirtealáiste a thabhairt san áireamh sa mheasúnacht. Os a choinne sin, sa chás nach ar scála mór an togra nó gur le haon chuid amháin nó codanna faoi leith den déanmhas go sonrach a bhainfidh sé, is iondúil gur leor cuntas gonta ar an déanmhas ina iomláine chun comhthéacs a chur lena bhfuil á bheartú agus díriú sa mheasúnacht mhion ar na codanna sin den déanmhas a n-imreofar tionchar orthu. Sa chás go mbaineann an mheasúnacht le foirgneamh nua atá i gcúirtealáiste déanmhais chosanta nó déanmhais chosanta bheartaithe, is ceart díriú ar an gceangal atá idir an déanmhas agus an suíomh, agus ar na tréithe agus an tionchar ar dhéanmhais agus ar ghnéithe den chúirtealáiste.

Ba cheart go mbeadh a bheith istigh ag údar na measúnachta ar láthair an déanmhais gan aon bhac ionas gur féidir leis/léi tuiscint iomlán a chothú ar an dóigh ina bhféadfadh an obair cur isteach ar an bhfoirgneamh.

Tugtar eolas breise faoi leagan amach molta agus faoin ábhar a mholtar i measúnacht tionchair maidir leis an oidhreacht ailtireachta in Aguisín B de *Architectural Heritage Protection Guidelines*

for Planning Authorities (2011) arna eisiúint an an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta.

5.2.6 Tuairiscíocht ar an Tionscadal Oidhreachta

Ní foláir maidir le dea-chleachtas caomhnúcháin agus seandálaíochta, tuairisc mhion ar an obair a dhéantar. Beidh scóip agus leibhéal na tuairiscíochta ag brath ar thosca éagsúla, ina measc cineál agus leibhéal castachta na foirgníochta agus cineál na hoibre a bheartaítear a dhéanamh. Is ceart scóip agus leibhéal na tuairiscíochta a shonrú go mion san iarratas.

Ba cheart go mbeadh ag baint leis an bpróiseas seo tuairiscíocht ar riocht an déanmhais sula dtarlaíonn aon obair agus ba cheart go mbeadh tuairisc grianghrafadóireachta agus tuairsic i scríbhinn i gceist chomh maith le saothar líníochta de réir scála cuí lena dtugtar léiriú cruinn ar chuma an déanmhais agus ar na réanna/céimeanna éagsúla foirgníochta. Is féidir leas a bhaint as íomhánna grianghrafadóireachta ar ardchaighdeán, scála agus greille marcáilte orthu agus nótaí tráchtaireachta leo, chun tuairiscíocht a dhéanamh ar riocht an déanmhais faoi láthair, ar ghnéithe éagsúla agus ar aon fhianaise maidir le réanna éagsúla foirgníochta, chomh maith le réimsí a bhfuil gá le hobair dheisiúcháin a dhéanamh orthu a thabhairt chun suntais. D'fhéadfadh gur cuí an tuairiscíocht seo a dhéanamh mar chuid den chéim Anailíse agus Forbartha ó tharla go mbeidh gá le toradh an tsuirbhé mar lón eolais maidir le cinntí a dhéantar faoi leagan amach an Tionscadail Oidhreachta.

Chomh maith lena bhfuil thuas, sa chás gur déanmhas mórshuntais atá i gceist, mar shampla déanmhas cosanta faoi Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta, nó déanmhas cosanta beartaithe, déanfar tuairiscíocht ar an mbeartaíocht ar fad de réir mar a théann an obair ar aghaidh i bhfoirm grianghrafadóireachta agus i scríbhinn. I gcásanna áirithe, beidh gá le líníocht. Ar an obair a thabhairt chun críche, cuirfear comhad le chéile faoi na hoibreacha a rinneadh, lena n-áirítear ionad agus cineál na mbeart oibre, sonraíocht aon ábhar nua a úsáideadh ar an déanmhas etc.

I gcás séadchomharthaí nó áiteanna cosanta faoi Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta, déanfar an comhad, arna chur i dtoll a chéile i bhformáid aontaithe, lena n-áirítear na tuairiscí ar fad agus an t-iniúchadh ar fad, a chur i dtaisce i gcartlann seandálaíochta Sheirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta. Luaitear sonraí comhfhreagrais maidir le Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta in Aguisín A.

Maidir le suirbhéireacht nó measúnacht ar an bhfiadhúlra, modhanna oibre, na sonraí a fhaightear, torthaí na hanailíse etc., is ceart sin a lua go soiléir agus a bheith san áireamh leis an gcáipéisíocht a cheanglaítear leis an gcomhad. Cuireann sin ar chumas an údaráis toiliúcháin agus an GÁG a dheimhniú agus a dhearbhú an ndearnadh an lón eolais is fearr atá ar fáil maidir le cúrsaí eolaíochta agus modhanna oibre oiriúnacha a chur i bhfeidhm. Mar gheall gur den sárchleachtas

é, agus mar gheall gur cistí poiblí a thugtar do na tionscadail seo, is ceart smaoineamh an bhfuil na sonraí oiriúnach le cur faoi bhráid an Ionaid Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta. Tá breis eolais faoi eagraíochtaí a bhféadfaí sonraí a chur faoina mbráid, agus faoin bhfoirm inar fearr a dtiomsú, ar fáil ag:

- http://www.npws.ie/maps-and-data/where-submit-biodiversity-records
- www.biodiversityireland.ie (An tIonad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta)

5.2.7 Cur síos ar an obair

Beidh leibhéal na cáipéisíochta is gá chun cur síos a dhéanamh ar an obair a bheartaítear a dhéanamh ar dhéanmhas atá cosanta faoi Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta, ar dhéanmhas cosanta, ar dhéanmhas cosanta beartaithe nó ar fhoirgneamh i limistéar caomhantais ailtireachta ag brath ar scála, ar oiread agus ar chastacht na n-oibreacha atá i gceist ach beidh an cháipéisíocht chomh maith agus go dtugtar cur síos ar na tograí agus ar na bealaí ina n-imreofaí tionchar ar thréithe agus ar ábhar sainspéise an láithreáin oidhreachta. Ba cheart go mbeadh sonraí leis an gcuntas ar na hoibreacha faoi dhul isteach ar an suíomh, faoi obair shealadach agus oibreacha coimhdeacha ó tharla go bhféadfadh sin tionchar a bheith acu ar an oidhreacht seandálaíochta, ailtireachta agus nádúrtha agus gur gá iad a thabhairt san áireamh le measúnacht tionchair.

Ba cheart go mbeadh gach saothar líníochta soiléir, intuigthe agus de réir scála atá oiriúnach. Mar shampla, déanfar gach plean, trasghearradh agus ingearchló a tharraingt de réir scála nach lú ná 1:100. I ngach cás inar féidir sin, déanfar tomhais don saothar líníochta seachas sin a bhunú ar líníocht a rinneadh cheana. Cuirfear saothair líníochta suirbhéireachta agus tograí eile, a mbeidh nótaí ag gabháil leo agus léiriú níos glinne ar athruithe beartaithe, ar fáil ach amháin sa chás gur beag athrú ábhartha atá i gceist le togra.

Ag brath ar chineál an Tionscadail Oidhreachta, d'fhéadfadh glacadh a bheith freisin le híomhánna grianghrafadóireachta ardchaighdeáin de réir scála a bhfuil nótaí ag gabháil leo maidir le hionad na hoibre agus oiread an obair deisiúcháin a léiriú.

Chomh maith le heolas i bhfoirm líníochta maidir leis an togra, ba cheart ráiteas i scríbhinn arna ullmhú ag Meitheal an Tionscadail a chur isteach leis an iarratas ina dtugtar míniú ar an gcúis atá leis an obair bheartaithe, achoimre maidir leis na príomhréimsí tionchair ar ghnéithe oidhreachta an láithreáin agus maidir lena bhfuil beartaithe a dhéanamh d'fhonn sin a mhaolú oiread agus is féidir. Ba cheart cuntas a thabhairt freisin ar an leagan amach atá tugtha ar na hoibreacha agus ar an obair sonraíochta ina leith le teann aird ar oidhreacht an láithreáin.

Ba cheart go mbeadh ráiteas faoi mhodhanna oibre leis an iarratas freisin agus sonraíocht i ndáil leis na hoibreacha go léir ar an déanmhas a chuirfeadh isteach ar thréithe an déanmhais agus ar an ábhar spéise atá ann ó thaobh na hoidhreachta.

5.2.8 Plaiceanna poiblíochta agus comharthaí eile

Is ceart mionsonraí faoi dhearadh ar aon phlaic poiblíochta, faisnéis léirmhíniúcháin agus comharthaí eile agus faoin ionad ina gcuirfear sin agus an go sealadach nó go buan a bheidh sin crochta, a lua san iarratas. Éilítear sin ós gá ceisteanna maidir le comharthaí ag láithreacha a bhfuil tábhacht seandálaíochta agus ailtireachta leo a mheas go cúramach. Ba cheart go mbeadh caighdeán maith sna comharthaí agus gurb é an cur isteach is lú ó thaobh radhairc a bheadh acu ar ghnéithe oidhreachta ar an láthair. Ní ceart comhartha ar bith a fheistiú ar ábhar saoirseachta sa chás go dtarlódh damáiste dá bharr sin don chreatábhar agus ní ceart tochailt poill maidir le cuaillí a bheartú gan dul i gcomhairle roimh ré le Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta ó tharla go bhféadfaí damáiste a dhéanamh do ghnéithe nó d'ábhar seandálaíochta faoin talamh.

5.2.9 Cúnamh comhchineáil

Mar gheall ar chineál sainiúil an Tionscadail Oidhreachta, is beag scóip a bhainfidh le hobair dheonach mar chuid den chúnamh comhchineáil a chuirfeadh Seoltóir an Tionscadail ar fáil, seachas mar a leagtar amach in alt 6.1. Is ceart mioneolas faoin mbealach ina bpléifear le cúnamh comhchineáil a thabhairt san iarratas ar chistíocht maidir le Tionscadal Oidhreachta ionas gur féidir sin a thabhairt faoi mheas mar chuid den athbhreithniú ar an tionscadal iomlán. D'fhéadfadh go mba sheifteanna oiriúnacha maidir le cúnamh comhchineáil beartaíocht nach ndéantar ar an láthair, mar shampla taighde maidir le stair na háite, cartlann de ghrianghraif stairiúla den láthair a chnuasach, láithreán gréasáin a chur le chéile agus bearta eile nach dtarlódh tionchar díreach ar ghnéithe aiceanta den láithreán oidhreachta dá mbarr.

5.2.10 Cartlann an tionscadail

Is ceart mioneolas a chur isteach leis an iarratas faoi chomhad tionscadail a chruthú. I measc na mionsonraí atá le cur faoi bhráid, beidh na taiscí cartlannaíochta ina mbeidh an t-eolas ar fáil ag lucht taighde, de réir mar a oireann, as seo amach. Is ceart caidreamh a chothú leis na taiscí sin roimh ré d'fhonn a gcuid coinníollacha maidir le hábhar a dheimhniú. Ar na taiscí a bhaineann le hábhar, tá siad seo a leanas:

- sa chás go bhfuil obair á déanamh ar shéadchomhartha nó ar áit atá cosanta faoi Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta: cartlanna Sheirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta;
- sa chás go bhfuil obair á déanamh ar dhéanmhas cosanta, nó laistigh de limistéar caomhantais ailtireachta: leabharlann an chontae, cartlann an údaráis áitiúil agus/nó Cartlann Ailtireachta na hÉireann.

5.2.11 Foilsiú maidir leis an Tionscadal Oidhreachta

Moltar do ghrúpaí GÁG gurb é an dea-chleachtas, agus gur minic gurb í an ghné is mó tairbhe ag Seoltóir an Tionscadail nó ag pobal na háite, a chinntiú go dtarlaíonn foilsiú cuí maidir le Tionscadal Oidhreachta ar a thabhairt chun críche. Is féidir sin a dhéanamh ar bhealaí éagsúla:

- Foilsiú ar an ngréasán, i leabhar nó in iris, le cuntas ar dhul chun cinn an tionscadail, orthu sin a bhí páirteach i Meitheal an Tionscadail, ar na modhanna oibre agus na cineálacha ábhair a cuireadh chun fónaimh, ar an lón eolais a foghlaimíodh, etc.;
- Léacht, seimineár nó comhdháil phoiblí bunaithe ar théama an tionscadail;
- Taispeántas áitiúil, réigiúnach agus/nó náisiúnta bunaithe ar an tionscadal.

5.3 Gach toiliú agus cead is gá a fháil

Seoltóir an Tionscadail agus an GÁG atá freagrach as a chinntiú go bhfaightear gach toiliú agus cead a bheadh de dhíth, cead pleanála san áireamh, sula dtosaítear ar an Tionscadal Oidhreachta. Tá de fhreagracht freisin ar Sheoltóir an Tionscadail a chinntiú go mbíonn aon obair a bhfaightear toiliú agus/nó cead ina leith ag teacht leis an sárchleachtas caomhantais agus nach mbeidh aon tionchar chun dochair ag an obair ar ghnéithe oidhreachta.

5.4 Cur faoi bhráid an GÁG

Cuireann Seoltóir an Tionscadail anois an Tionscadal Oidhreachta faoi bhráid an GÁG. Tá an GÁG freagrach as athbhreithniú a dhéanamh ar an iarratas d'fhonn a chinntiú go bhfuil gach toiliú agus cead is gá faighte agus nach mbeidh tionchar chun dochair ag an tionscadal ar ghnéithe oidhreachta.

5.4.1 Éileamh ar íocaíocht

Ní mór do Sheoltóir an Tionscadail saineolaí cuí a ainmniú (e.g. seandálaí, ailtire, éiceolaí) a bheidh freagrach as comhlíonadh na gCoinníollacha ar fad maidir le Tionscadal Oidhreachta a dheimhniú sula n-eisítear íocaíochtaí i leith an tionscadail. Mar shampla, sa chás go bhfuil obair chaomhnúcháin, athchóiriúcháin nó dheisiúcháin ar fhoirgneamh nó ar dhéanmhas eile i gceist le tionscadal, ba cheart gur ailtire, innealtóir nó suirbhéir caomhnúcháin dea-cháilithe agus leis an taithí cuí a bheadh sa saineolaí. Má thagann tionchar suntasach ar chaomhnú an dúlra i gceist leis an tionscadal, nó dá bhféadfadh go dtiocfadh, beidh an saineolaí dea-cháilithe le saineolas a bhaineann le cineál an tionscadail atá i gceist agus le tionchar ar an dúlra de na cineálacha a thiocfaidh, nó a d'fhéadfadh a theacht, chun cinn.

6.0 DÉANAMH NA nOIBREACHA

Ón tráth a gceadaítear an tionscadal, is féidir le Meitheal an Tionscadail leanúint ar aghaidh le déanamh na hoibre ar an láthair i gcomhréir le gach cead, toiliú, ceadúnas agus aontú a fuarthas. D'fhéadfadh gá le comhchaidreamh leanúnach idir an Bainisteoir Tionscadail agus na húdaráis toiliúcháin agus/nó údaráis reachtúla ar feadh ré na hoibre seo, go háirithe má thagann tosca gan choinne chun aire a bhaineann le hoidhreacht an láithreáin. Is ceart scéal a chur chuig an údarás toiliúcháin lena mbaineann ar an gcéad dul síos, go háirithe dá mb'fhearr athrú ar an tionscadal beartaithe mar gheall ar na tosca seo gan choinne nó má tá athrú den sórt sin á bheartú. D'fhéadfadh toiliú breise nó toiliú eile ón údarás cuí a bheith de dhíth le hathruithe den sórt sin ó tharla go bhféadfadh nach dtiocfaidís faoi scáth an chéad cheada a tugadh ná aon tionchar timpeallachta gaolmhar nó measúnacht chuí ba bhun leis na cinntí ina leith.

6.1 Oibrithe oilte tógála a úsáid

Is oibrithe oilte inniúla tógála amháin a fhostófar i mbun na hoibre agus sin faoi mhaoirseacht chuí. Ba cheart don Bhainisteoir Tionscadail comhairle a chur ar fáil maidir le conraitheoirí agus/nó ceardaithe a roghnú atá inniúil ar an obair atá le déanamh. Ní mór don chonraitheoir fianaise a léiriú ar thaithí ar oibriú ar thrí cinn ar a laghad de dhéanmhais stairiúla ar scála agus ar leibhéal castachta inchurtha leis an tionscadal faoi chaibidil, chomh maith le mioneolas faoin obair a rinneadh agus faoi luach an chonartha i ngach cás faoi leith. Tá Clár Conraitheoirí Oidhreachta ar fáil ó Chónaidhm Thionscal na Foirgníochta.

Ní fhostófar aon oibrí neamhoilte ar shéadchomhartha nó áit atá cosanta faoi Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta murar i mbun gnáthobair chothabhála é, eadhon:

- Cuidiú le hoibrithe oilte, nó ag feidhmiú mar phrintíseach ar bhearta áirithe oibre;
- Baint fhéir le trealamh láimhe (struimeálaí san áireamh);
- Sceacha/driseacha a ghearradh siar le trealamh láimhe;
- Cosáin a ghlanadh le trealamh láimhe.

6.2 Cigireacht ar an obair

Beidh an obair le feiceáil i gcónaí le haghaidh cigireachta ag an GÁG nó ag oifigigh na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, ag an údarás áitiúil agus/nó ag gach údarás reachtúil cuí.

6.3 Leasú le linn dhéanamh na hoibre

Leanfaidh comhchaidreamh idir an Bainisteoir Tionscadail agus na húdaráis reachtúla ó thús go deireadh an Tionscadail Oidhreachta. Sa chás go dtagann tosca gan choinne chun cinn le linn chéim dhéanamh na hoibre a bhaineann go dlúth le gnéithe oidhreachta an láithreáin, cuirfear sin in iúl gan mhoill do na húdaráis toiliúcháin agus do na húdaráis reachtúla lena mbaineann. Ina leithéid sin de chás, d'fhéadfadh gur ghá leasú a dhéanamh ar chead nó ar thoiliú faoi mar a tugadh roimhe seo nó athbhreithniú a thabhairt, i ndáil leis an bhfaisnéis nua, ar mholtaí a tugadh roimhe seo. Mar shampla, sa chás gur láithreán atá i gceist atá cosanta faoi Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta, d'fhéadfadh eolas ar ghnéithe/ábhar seandálaíochta, conablach duine san áireamh, a theacht i gceist nárbh eol a leithéid a bheith ar fáil nuair a ceadaíodh an tionscadail. Ina leithéid sin de chás, is ceart scéal a chur chuig Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta go bhfaightear comhairle faoina bhfuil le déanamh.

Sa chás go mbaineann an Tionscadal Oidhreachta le foirgneamh stairiúil, d'fhéadfadh go léireofaí gnéithe ceilte a mbeadh tábhacht leo nó go dtabharfaí faoi deara ar thús a chur leis an obair ar ghnéithe den fhoirgneamh gur gá malairt leagan amach a dhéanamh ar an obair, mar shampla, sa chás go dtugtar fabht nó laige eile faoi deara i ngnéithe a mbeadh ualach ag teacht orthu. Sa chás gur déanmhas cosanta nó déanmhas cosanta beartaithe an foirgneamh, is ceart dul i gcomhairle leis an údarás áitiúil. Má fuarthas cead pleanála don obair, is ceart dul i gcomhairle leis an údarás pleanála cuí. Sa chás go dtugtar ialtóga nó speiceas cosanta eile chun aire, is ceart an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra a chur ar an eolas. I gcásanna den sórt sin ina dtugtar speiceas cosanta faoi deara, e.g. fara ialtóg, ní mór stad a chur leis an obair gan mhoill, go dtí go mbíonn an tSeirbhís curtha ar an eolas agus comhairle na Seirbhíse faighte.

7.0 AN TIONSCADAL OIDHREACHTA A THABHAIRT CHUN CRÍCHE AGUS A MHEAS

Ar an tionscadal oidhreachta a thabhairt chun críche, beidh ceangailte ar an saineolaí ainmnithe a luaitear san iarratas a dheimhniú go ndearnadh na hoibreacha i gceart agus go hinniúil. Déanfaidh an GÁG athbhreithniú ar an Tionscadal Oidhreachta críochnaithe go ndeimhnítear go ndearnadh a chur i gcrích go sásúil i gcomhréir le gach cead nó toiliú a bhaineann le hábhar. Beidh deimhniú comhlíontais maidir leis na rialacháin pleanála agus foirgníochta agus leis na rialacháin reachtúla agus ceadanna reachtúla eile de dhíth agus an deimhniú á thabhairt ag ailtire, innealtóir nó seandálaí cáilithe de réir mar is cuí. Is féidir le húdarás ceadúcháin lena mbaineann nó le húdarás reachtúil eile cigireacht dá gcuid féin a dhéanamh ar an láthair agus tuairisc a chur chuig an GÁG; i gcás na n-údarás reachtúil nach údarás a thug toiliú leis an obair nó leis an mbeartaíocht atá i gceist leis an tionscadal, is de réir mar a thograíonn siad féin aon chuairt cigireachta den sórt sin a thabhairt ar an láthair.

7.1 Deimhniú na gcéimeanna éagsúla agus an tionscadail arna chríochnú

Tabharfaidh an Bainisteoir Tionscadail deimhniú i leith na n-oibreacha tráth a gcríochnaítear na céimeanna éagsúla chomh maith le deimhniú i scríbhinn a chur ar fáil tráth a gcríochnaítear an obair go ndearna gach gné di mar is ceart agus go cumasach agus i gcomhréir leis an sárchleachtas caomhantais agus le gach cead, toiliú nó fógra riachtanach, le gach coinníoll cistíochta agus aon choinníoll eile de chuid na n-údarás reachtúil. Cuirfear an deimhniú i scríbhinn sin faoi bhráid an GÁG in éineacht leis an iarratas ar íocaíocht.

7.2 Cartlann an Tionscadail

Ar an Tionscadal Oidhreachta a thabhairt chun críche agus sula n-eisítear an íocaíocht dheireanach, déanfar, de réir mar is cuí, lón ábhair faoin tionscadail a chur i dtoll a chéile agus a chur i dtaisce i dtaisce cartlannaíochta ionas go mbíonn an t-eolas ar fáil ag daoine den lucht taighde san am atá romhainn.

7.3 Tionscadail mhírathúla

Sa chás, ar chigireacht a dhéanamh, go dtugtar chun aire gur tharla sárú ar na coinníollacha le cead, toiliú nó ceadúnas i ndéanamh na hoibre nó nach raibh an cead, toiliú nó ceadúnas faighte

a bhí de dhíth; nó nár sásaíodh leis an obair gach coinníoll a bhí ag gabháil le ceadú cistíochta, ní dhéanfaidh an GÁG maidir le héileamh Sheoltóir an Tionscadail go dtí go mbíonn fiosrú breise déanta ar an gcás agus toradh sásúil tugtha i gcrích. I gcásanna áirithe, ní dhéanfar íocaíocht nó is páirtíocaíocht a dhéanfar.

Sa chás go dtarraingíonn obair neamhúdaraithe damáiste do ghnéithe oidhreachta nach féidir a chur ina cheart, mar shampla:

- damáiste do ghnéithe/ábhar seandálaíochta
- damáiste do thréithe agus d'ábhar sainspéise déanmhais chosanta nó limistéir caomhantais ailtireachta
- damáiste do speiceas nó do ghnáthóg

ní dhéanfar aon íocaíocht le Seoltóir an Tionscadail agus seolfar ar aghaidh mionsonraí faoin obair neamhúdaraithe chuig an údarás reachtúil cuí chun an riachtanas le hobair athchóiriúcháin nó gníomh forfheidhmiúcháin nó ionchúiseamh a mheas.

I gcásanna áirithe, d'fhéadfadh gur féidir roinnt oibreacha beaga nach bhfuil inghlactha agus/nó a rinneadh gan údarás a leasú, ach is gá aird a choinneáil ar ábhar seandálaíochta a chailleadh a bheith ina thoradh nach féidir a chúiteamh agus ar dhamáiste do láthair fiadhúlra nó do speiceas a bheith dochurtha ina cheart. Déanfaidh an GÁG, tar éis dul i gcomhairle leis an údarás reachtúil lena mbaineann an cás, liosta de na hoibreacha nach bhfuil inghlactha a chur ar fáil do Sheoltóir an Tionscadail. Cuirfidh Seoltóir an Tionscadail, tríd an mBainisteoir Tionscadail, sceideal mionsonraithe den obair leasúcháin a bheartaítear faoi bhráid an GÁG chomh maith le tráthchlár maidir le déanamh na hoibre sin. Déanfaidh an GÁG agus an t-údarás reachtúil lena mbaineann:

1. Aontú leis an obair leasúcháin atá beartaithe, nó

2. Soiléiriú breise agus/nó leasú ar na moltaí a lorg, nó

3. Diúltú don obair leasúcháin a bheartaítear.

I gcás 1 nó 2 thuas, rachfar ar aghaidh leis an obair leasúcháin agus, ar sin a dhéanamh chun sástacht an GÁG agus an údaráis reachtúil lena mbaineann, déanfar an íocaíocht arna bunú ar chostas an tionscadail mar a bhí leagtha amach ar dtús. Ní dhéanfar aon íocaíocht bhreise le Seoltóir an Tionscadail maidir le costas na hoibre leasúcháin ach amháin i gcás fíoreisceachtúil. I gcás 3 thuas, ní dhéanfar aon íocaíocht agus seolfar mioneolas faoin obair neamhúdaraithe chuig an údarás reachtúil cuí a dhéanfaidh an cheist maidir le gá le beart forfheidhmiúcháin a mheas.

8.0 FOILSIÚ AGUS CRAOBHSCAOILEADH

Ba cheart do Sheoltóir an Tionscadail, mar bheart deiridh, a chinntiú go dtarlaíonn toradh saothair an Tionscadail Oidhreachta a fhoilsiú agus a chraobhscaoileadh, ag teacht leis na gealltanais a tugadh tráth an iarratais. Tugtar san áireamh leis an gcéim seo den tionscadal freisin aon anailís tar éis tochailte a thabhairt chun críche agus na tuairiscí ar fad is gá a chur ar fáil. Tugann sin deis thairbheach dea-thorthaí an tionscadail a chur in iúl do mhuintir na háite agus do phobal níos forleithne.

Is ceart do Sheoltóir an Tionscadail a chinntiú go ndéantar foilsiú mar is cuí maidir leis an Tionscadal Oidhreachta agus ar na sonraí agus an fhaisnéis ina leith, d'fhonn a gcoinneáil i dtaisce sa leabharlann áitiúil, a gcur ar taispeáint, nó eile. Ba cheart go mbeadh mioneolas maidir le socruithe foilseacháin agus craobhscaoilte sa bhuniarratas a chuireann Seoltóir an Tionscadail faoi bhráid.

9.0 Aguisíní

9.1 Aguisín A - Sonraí Comhfhreagrais Áisiúla

Bíonn cóipeanna de mhíreanna sonracha reachtaíochta, foilseacháin, treoir agus faisnéis eile ar fáil ó na Ranna agus na Gníomhaireachtaí seo a leanas:

An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta
Guthán: 01 888 2000
Gréasán: www.gov.ie/housing

Brainse na hOidhreachta Foirgníochta & an Bheartais Ailtireachta
Teach an Chustaim, Baile Átha Cliath 1, D01 W6X0
Ríomhphost: BuiltHeritage@housing.gov.ie

Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta
Teach an Chustaim, Baile Átha Cliath 1, D01 W6X0
Ríomhphost: nationalmonuments@housing.gov.ie
Gréasán: www.archaeology.ie

An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra
90 Sráid an Rí Thuaidh, Baile Átha Cliath 7, D07 N7CV
Ríomhphost: natureconservation@npws.gov.ie
Guthán: 01 888 2000
Gréasán: www.npws.ie

Fardal Náisiúnta na hOidhreachta Ailtireachta (FNOA)
Teach an Chustaim, Baile Átha Cliath 1, D01 W6X0
Guthán: 01 888 32 00
Gréasán: www.buildingsofireland.ie

Fóram Aolta Tógála na hÉireann
Gréasán: www.buildinglimesforumireland.com

Innealtóirí na hÉireann
Guthán: 01 665 1300
Gréasán: www.engineersireland.ie

An Chomhairle Oidhreachta

Áras na hOidhreachta

Lána an Teampaill, Cill Chainnigh, R95 X264

Guthán: 056 777 0777

Gréasán: www.heritagecouncil.ie

Institiúid Seandálaithe na hÉireann

63 Cearnóg Mhuirfean, Baile Átha Cliath 2

Guthán: 087 776 7054

Gréasán: www.iai.ie

Cartlann Ailtireachta na hÉireann

45 Cearnóg Mhuirfean, Baile Átha Cliath 2, DO2 VY60

Guthán: 01 663 3040

Gréasán: www.iarc.ie

Cumann Seoirseach na hÉireann

Seomraí Tionóil na Cathrach, 58 Sráid Liam Theas, Baile Átha Cliath 2, D02 X751

Guthán: 01 679 8675

Gréasán: www.igs.ie

Clár na gConraitheoirí Oidhreachta, Cónaidhm Thionscal na Foirgníochta

Construction House, Bóthar na Canálach, Baile Átha Cliath 6

Guthán: 01 406 6000

Gréasán: www.heritageregistration.ie agus www.cif.ie

Institiúid Ríoga Ailtirí na hÉireann

8 Cearnóg Mhuirfean, Baile Átha Cliath 2, D02YE68

Guthán: 01 676 1703

Gréasán: www.riai.ie

Cumann Shuirbhéirí Cairte na hÉireann

38 Cearnóg Mhuirfean, Baile Átha Cliath 2, D02 EV61

Guthán: 01 6445500

Gréasán: www.scsi.ie

9.2 Aguisín B - Liosta seiceála maidir le hábhar an iarratais i ndáil le Tionscadal lena dtarlaíonn Tionchar ar an Oidhreacht

Leagtar an liosta seiceála seo amach d'fhonn a bheith ina áis phraiticiúil maidir le hiarratas a ullmhú le cur faoi bhráid an GÁG.

Ba cheart na nithe seo a leanas, de réir mar is cuí, a bheith isteach leis an iarratas:

	Cuir tic de réir mar is cuí sa bhosca do fhreagra dearfach nó do fhreagra diúltach maidir leis na nithe seo thíos faoi lón ábhair an iarratais	**Tá**	**Níl**
1.	Mapa ar a bhfuil láthair an tsuímh marcáilte		
2.	Ainmniúcháin oidhreachta a bhaineann leis an suíomh agus le crios tionchair an tionscadail bheartaithe Mura bhfuil ainmniúchán i gceist, aon chomhartha eile maidir le tábhacht oidhreachta e.g. gnáthóg ag speiceas cosanta		
3.	Cead i scríbhinn ón úinéir dleathach dul isteach ar an talamh agus obair a dhéanamh		
4.	Maidir leis an déanmhas nó láithreán: • Sa chás gur séadchomhartha taifeadta/cláraithe atá i gceist, an bhfuil fógra i scríbhinn curtha faoi bhráid na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta? • Sa chás gur séadchomhartha náisiúnta atá i gceist, an bhfuil toiliú Aire faighte ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta? • Sa chás gur láithreán seandálaíochta atá i gceist, an gá cead pleanála a fháil? • Sa chá gur déanmhas cosanta atá i gceist, an bhfuil cead pleanála faighte ón údarás áitiúil? Mura bhfuil cead de dhíth, ar eisíodh dearbhú faoi alt 57 den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú)? Sa chás go dtarlódh mar gheall ar an Tionscadal Oidhreachta:		

	• tionchar ar láithreán éiceolaíochta nó ar láithreán caomhantais dúlra, an bhfuil cead pleanála faighe nó toiliú Aire ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta (via SPNF), nó cead d'aon chineál eile a bheadh de dhíth (e.g. ceadúnas urthrá)? • tionchar ar speiceas cosanta agus/nó ar ghnáthóg speiceas den sórt sin, an bhfuil ceadúnas faighte ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta (via SPNF)? **(Cuirtear cóip isteach de gach aon cháipéis a bhaineann le hábhar)**		
5.	Cead pleanála nó dearbhú maidir le díolúine faoi alt 5 den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú). Cuirtear isteach cóip de gach cead nó dearbhú a bhaineann le háireamh.		
6.	Ainmneacha bhaill Mheitheal an Tionscadail, maille le cáilíochtaí agus sonraí comhfhreagrais		
7.	Tuarascáil maidir le measúnacht seandálaíochta maille le ráiteas faoin tionchar seandálaíochta		
8.	Measúnacht tionchair maidir leis an oidhreacht ailtireachta		
9.	Measúnacht tionchair éiceolaíochta, lena n-áirítear Measúnacht Tionchair Timpeallachta agus/nó Measúnacht agus Ráiteas Tionchair Natura		
10.	Mioneolas faoi thuairiscíocht ar an Tionscadal Oidhreachta		
11.	Cur síos ar an obair		
12.	Mioneolas maidir le hanailís tar éis tochailte agus na tuairiscí seandálaíochta a thabhairt chun críche		
13.	Moltaí maidir le cúnamh comhchineáil		
14.	An saineolaí ainmnithe atá freagrach as comhlíonadh na gCoinníollacha seo a dhearbhú sula ndéanann an GÁG aon íocaíocht		
15.	Eolas maidir le plaic poiblíochta agus comharthaí		
16.	Mioneolas maidir le cartlann an Tionscadail Oidhreachta a chruthú		

17.	Mioneolas faoi bhearta foilseacháin maidir leis an Tionscadal Oidhreachta		
18.	Luaitear aon eolas breise anseo:		

Tá gach ceann de na cáipéisí a bhfuil marc curtha leo thuas leis an iarratas.

Seoltóir an Tionscadail / Gníomhaire Ainm: (BLOCLITREACHA)	
Síniú:	
Seoladh:	
Guthán:	
Ríomhphost:	
Dáta:	